(3) In Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad colún déchlóibeinile:

“Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg).

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ^(*)	Déchlóibeinil
0100000	TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN	0.01 (*)
0110000	Torthaí citris	
0110010	Seadóga	
0110020	Oráistí	
0110030	Líomóidí	
0110040	Líomáí	
0110050	Mandairíní	
0110990	Eile (2)	
0120000	Cnónna crann	
0120010	Almóinní	
0120020	Cnónna Brasaíleacha	
0120030	Cnónna caisiú	
0120040	Castáin	
0120050	Cnónna cócó	
0120060	Cnónna coill	
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	
0120090	Eithní cnónna péine	
0120100	Cnónna pistéise	
0120110	Gallchnónna	
0120990	Eile (2)	
0130000	Torthaí póma	
0130010	Úlla	
0130020	Piorraí	
0130030	Cainchí	

0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	
0130050	Locuatanna	
0130990	Eile (2)	
0140000	Torthaí cloiche	
0140010	Aibreoga	
0140020	Silíní (iad milis)	
0140030	Péitseoga	
0140040	Plumaí	
0140990	Eile (2)	
0150000	Caora agus torthaí beaga	
0151000	(a) fíonchaora	
0151010	Fíonchaora boird	
0151020	Fíniúnacha coiteanna	
0152000	(b) sútha talún	
0153000	(c) torthaí cána	
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) torthaí beaga eile agus caora eile	
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil	
0161000	(a) craiceann inite	
0161010	Dátaí	
0161020	Figí	
0161030	Ológa boird	
0161040	Cumcuait	
0161050	Torthaí réaltúla	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	
0161070	Plumaí láva	
0161990	Eile (2)	

0162000	(b) craiceann do-ite, é beag	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	
0162030	Páiseoga	
0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	(c) craiceann do-ite, é mór	
0163010	Abhacáid	
0163020	Bananaí	
0163030	Mangónna	
0163040	Papánna	
0163050	Pomagránaití	
0163060	Céiriomoighe	
0163070	Guábhaí	
0163080	Anainn	
0163090	Torthaí aráin	
0163100	Duraígh	
0163110	Úlla deilgneacha	
0163990	Eile (2)	
0200000	GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE	
0210000	Glasraí fréimhe agus tiúbair	0.01 (*)
0211000	(a) prátaí	
0212000	(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha	
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra	
0213010	Meacain bhiatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	

0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	Glasraí bleibíní	0.01 (*)
0220010	Gairleog	
0220020	Oinniúin	
0220030	Seallóidí	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	
0220990	Eile (2)	
0230000	Glasraí a thugann torthaí	0.01 (*)
0231000	(a) Solanaceae agus Malvaceae	
0231010	Trátaí	
0231020	Piobair	
0231030	Ubhthorthaí	
0231040	Ocra	
0231990	Eile (2)	
0232000	(b) guird a bhfuil craiceann inite acu	
0232010	Cúcamaí	
0232020	Gircíní	
0232030	Cúirséid	
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu	
0233010	Mealbhacáin	
0233020	Puimcíní	
0233030	Mealbhacáin uisce	
0233990	Eile (2)	
0234000	(d) arbhar milis	
0239000	(e) glasraí eile a thugann torthaí	
0240000	Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)	0.01 (*)
0241000	(a) praiseach bhlátha	
0241010	Brocaílí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	
0242000	(b) praiseach chinn	
0242010	Baclóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	

0243000	(c) praiseach dhuilleach	
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	
0244000	(d) cálráibí	
0250000	Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite	
0251000	(a) leitísí agus plandaí sailéid	0.01 (*)
0251010	Ceathrúna uain	
0251020	Leitísí	
0251030	Searbháin muc	
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	
0251050	Biolair thalún	
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	
0251070	Mustard dearg	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	
0251990	Eile (2)	
0252000	(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla	0.01 (*)
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsléain	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla	0.01 (*)
0254000	(d) biolair uisce	0.01 (*)
0255000	(e) sreabháin na Beilge	0.01 (*)
0256000	(f) luibheanna agus bláthanna inite	0.02 (*)
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	Léagúim	0.01 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	

0260040	Piseanna (gan faighneoga)	
0260050	Lintilí	
0260990	Eile (2)	
0270000	Glasraí gais	0.01 (*)
0270010	Lus súgach	
0270020	Cardúin	
0270030	Soilirí	
0270040	Finéal Fhlórans	
0270050	Bliosáin chruinne	
0270060	Cainneanna	
0270070	Biabhóg	
0270080	Péacáin bhambú	
0270090	Croíthe pailme	
0270990	Eile (2)	
0280000	Fungais, caonaigh agus léicin	0.01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	Algaí agus orgánaigh phrócaróit	0.01 (*)
0300000	PISEÁNAIGH	0.01 (*)
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ	0.01 (*)
0401000	Olashíolta	
0401010	Ros lín	
0401020	Piseanna talún	
0401030	Síolta poipín	
0401040	Síolta seasamain	
0401050	Síolta lus na gréine	
0401060	Síolta ráibe	
0401070	Pónairí soighe	
0401080	Síolta mustaird	
0401090	Síolta cadáis	
0401100	Síolta puimcín	
0401110	Síolta cróch bréige	
0401120	Síolta borraíste	
0401130	Caimilín	

0401140	Síolta cnáibe	
0401150	Pónairí ricne	
0401990	Eile (2)	
0402000	Olathorthaí	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	
0402020	Eithní pailme ola	
0402030	Torthaí pailme oila	
0402040	Capac	
0402990	Eile (2)	
0500000	GRÁNAIGH	0.01 (*)
0500010	Eorna	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	
0500040	Muiléad coiteann	
0500050	Coirce	
0500060	Rís	
0500070	Seagal	
0500080	Sorgam	
0500090	Cruithneacht	
0500990	Eile (2)	
0600000	TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB	0.05 (*)
0610000	Taenna	
0620000	Pónairí caife	
0630000	Insiltí luibhe ó	
0631000	(a) bláthanna	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	
0631040	Seasmain	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	(b) duilleoga agus luibheanna	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	(c) fréamhacha	
0633010	Caorthann corraigh	

0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	(d) aon chuid eile den phlanda	
0640000	Pónairí cócó	
0650000	Carúib	
0700000	LEANNLUSANNA	0.05 (*)
0800000	SPÍOSRAÍ	
0810000	Spíosraí ó shíolta	0.05 (*)
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choire	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	Spíosraí ó thorthaí	0.05 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	
0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitul	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	
0830000	Spíosraí ó choirt	0.05 (*)
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm	
0840010	Liocras	0.05 (*)
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	0.05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	0.05 (*)
0850000	Spíosraí ón mbachlóg	0.05 (*)
0850010	Clóibh	

0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	
0860000	Spíosraí ó phistil bláthanna	0.05 (*)
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	Spíosraí arail	0.05 (*)
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	PLANDAÍ SIÚCRA	0.01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	
0900020	Cánaí siúcra	
0900030	Fréamhacha siocaire	
0900990	Eile (2)	
1000000	TÁIRGÍ AR DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH IAD - AINMHITHE TALÚN	
1010000	Tráchtearraí ó	0.01 (*)
1011000	(a) mucra	
1011010	Matán	
1011020	Saill	
1011030	An t-ae	
1011040	An duán	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1011990	Eile (2)	
1012000	(b) bó-ainmhí	
1012010	Matán	
1012020	Saill	
1012030	An t-ae	
1012040	An duán	
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1012990	Eile (2)	
1013000	(c) caoraigh	
1013010	Matán	
1013020	Saill	
1013030	An t-ae	
1013040	An duán	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1013990	Eile (2)	
1014000	d) gabhar	
1014010	Matán	
1014020	Saill	

1014030	An t-ae	
1014040	An duán	
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1014990	Eile (2)	
1015000	(e) eachaí	
1015010	Matán	
1015020	Saill	
1015030	An t-ae	
1015040	An duán	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1015990	Eile (2)	
1016000	(f) éanlaith chlóis	
1016010	Matán	
1016020	Saill	
1016030	An t-ae	
1016040	An duán	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1016990	Eile (2)	
1017000	(g) ainmhithe talún feirme eile	
1017010	Matán	
1017020	Saill	
1017030	An t-ae	
1017040	An duán	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1017990	Eile (2)	
1020000	Bainne	0.01 (*)
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhar	
1020040	Capall	
1020990	Eile (2)	
1030000	Uibheacha éan	0.01 (*)
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)	0.05 (*)
1050000	Débheathaigh agus Reiptílí	0.01 (*)
1060000	Ainmhithe inveirteabracha talún	0.01 (*)

1070000	Ainmhithe veirteabracha talún fiáine	0.01 (*)
1100000	TÁIRGÍ AR DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH IAD - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)	
1200000	TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)	
1300000	TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)	

(*) Teorainn cinnidh anailísigh

(^e) Chun liosta iomlán na dtáirgí ar de thionscnamh ainmhíoch iad agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscibhinn I."

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/617 ÓN gCOIMISIÚN
an 14 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus (AE) 2020/2236 a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte/oifigiúla ainmhithe caighdeánacha chun ainmhithe uisceacha áirithe agus táirgí ar de bhunadh ainmhíoch iad a thabhairt isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialacha sonracha sláinteachais a leagadh síos i dtaca le bia de bhunadh ainmhíoch ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(2)(a) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 21 3(2) agus 224(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ⁽³⁾ agus (AE) 2020/2236 ⁽⁴⁾ ón gCoimisiún leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha chun ainmhithe uisceacha áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas.
- (2) Ní fhéadfar coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann siad na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Maidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i nótaí áirithe a leagtar amach sna deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo, moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh, túinicigh, gastrapóid mhara agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin i gCaibidlí 28 agus 31 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, d'fhéadfaí débhríocht a bhaint as an bhfoclaíocht sin a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte poiblí. Dá bhrí sin, chun míthuiscintí a chosc agus chun comhleánúnachas a áirithiú idir ceanglais sláinte phoiblí agus ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo áirithe atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart na nótaí a leagtar amach sna deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo, moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh, túinicigh, gastrapóid mhara agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin i gCaibidlí 28 agus 31 d'Iarscríbhinn III a leasú dá réir.

⁽¹⁾ IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.

⁽²⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 442, 30.12.2020, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 442, 30.12.2020, lch. 410.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

- (3) Chun soiléireacht iomlán a áirithiú sna nótaí a bhaineann leis na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo, moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh, túnicigh, gastrapóid mhara agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin, ar nótaí iad a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, ba cheart a bheith soiléir go sainráite leo nach bhféadfar coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann siad Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.
- (4) Ina theannta sin, chun comhleanúnachas a áirithiú idir ceanglais sláinte poiblí agus ceanglais sláinte ainmhithe maidir le hainmhithe uisceacha beo áirithe atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas, ní mór leasuithe áirithe a dhéanamh ar theideal an deimhnithe sláinte ainmhithe chaighdeánaigh i dtaca le hainmhithe uisceacha atá ceaptha le cur i mbunáíochtaí do bharshaothraithe áirithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, agus ar na nótaí a ghabhann leis an deimhniú sláinte ainmhithe sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236. Is gá na leasuithe sin chun a áirithiú go bhfuil sé soiléir go sainráite nach bhféadfar an deimhniú seo a úsáid le haghaidh coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha atá ceaptha le caitheamh ag an duine. Cé go meastar gur bunáíochtaí do bharshaothraithe iad lárionaid íonúcháin agus lárionaid seolta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429, leis na rialacha sláinte poiblí cuirtear cosc ar ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas más lárionaid íonúcháin atá ina cheann scríbe acu, nó faoi choinníollacha áirithe, más lárionaid seolta a gceann scríbe.
- (5) Chun soiléireacht a chur ar fáil i leith an mhéid sin, agus chun míthuiscintí a chosc, maidir leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le hainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ar ainmhithe iad atá ceaptha le cur i mbunáíochtaí do bharshaothraithe áirithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach nach bhfuil le caitheamh ag an duine, ar deimhniú é a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236, ba cheart é a leasú chun a áirithiú go bhfuil sé soiléir nach bhféadfar coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann siad Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.
- (6) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus (AE) 2020/2236 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin ón dáta sin.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar a leanas:

1. I gCaibidil 28, an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (FISH- CRUST-HC CAIGHDEÁNACH) a thabhairt isteach san Aontas, leasaítear é mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe II.2.3.1:

“(4)(6)[II.2.3.1. Tá siad faoi réir na gceanglas i gCuid II.2.4 agus is de thionscnamh ⁽⁴⁾[tír] ⁽⁴⁾[críoch] ⁽⁴⁾[limistéir] ⁽⁴⁾[urrann] le ⁽⁵⁾cód: - __ a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ar liosta tríú tíortha agus críocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429 i dtaca le ⁽³⁾[ainmhithe uisceacha] ⁽³⁾[táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha atá beo] a thabhairt isteach san Aontas;]”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí:

“Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótocal sin, baineann tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú sin leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

Is éard atá in ‘ainmhithe uisceacha’ ainmhithe mar a shainmhínítear iad i bpointe (3) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Is éard atá in ‘ainmhithe dobharshaothraithe’ ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothrú mar a shainmhínítear iad i bpointe (7) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

Gach ainmhí uisceach agus gach táirge de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4. den deimhniú seo ina leith, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tíre/críche/limistéir/urrairne atá ar liosta de thríú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

Ní bheidh feidhm ag cuid II.2.4. den deimhniú maidir leis na crústaigh agus na héisc seo a leanas, agus dá bhrí sin, d’fhéadfadh siad a bheith de thionscnamh tíre/críche nó de chuid de thír/chríoch, atá liostaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625:

- (a) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad,
- (b) crústaigh atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh na bpacáistí sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004,
- (c) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine de réir na gceanglas sonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil bhreise gan iad a stóráil go sealadach ar an láthair phróiseála,
- (d) éisc a mharaítear agus a dhí-innítear sula seoltar iad.

Tá feidhm ag an deimhniú sin maidir le táirgí ar de bhunadh ainmhíoch iad agus maidir le hainmhithe uisceacha beo lena n-áirítear iad siúd arb í bunaíocht rialaithe galar do bhia uisceach a gceann scríbe mar a shainmhínítear í i bpointe 52 d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429 atá ceaptha le caitheamh ag an duine i gcomhréir le Roinn VII d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil sin a chomhlánú de réir na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bosca I.20: Cuir tic le ‘Tionscal cannadóireachta’ i gcás iasc iomlán a reoitear ar dtús faoi sháile ag -9 °C nó ag teocht níos airde ná -18 °C agus atá ceaptha le cannú i gcomhréir le ceanglais Roinn VIII, Caibidil I, pointe II(7) d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Cuir tic le ‘Táirgí lena gcaitheamh ag an duine’ nó ‘Próiseáil bhreise’ i gcásanna eile.

Tagairt bosca I.27: Cuir isteach an cód Córas Comhchuibhithe (CC)/na cóid Chóras Comhchuibhithe (CC) iomchuí agus úsáid á baint as ceannteidil amhail na cinn seo a leanas: 0301, 0302, 0303, 0304, 0305, 0306, 0307, 0308, 0511, 1504, 1516, 1518, 1603, 1604, 1605 nó 2106.

Tagairt bosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht:

‘Cineál an tráchtearra’: Sonraigh cé acu an táirge de thionscnamh dobharshaothraithe nó de thionscnamh fiáin é.

‘Cineál cóireála’: Sonraigh cé acu an táirge beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte atá ann.

‘Monarcha monaraíochta’: lena n-áirítear soitheach próiseála, soitheach-reoiteoir, soitheach cuisniúcháin, fuarstóras agus monarcha próiseála.

Cuid II:

- (1) Níl feidhm ag Cuid II.1. den deimhniú seo maidir le tíortha a bhfuil ceanglais ar leith orthu maidir le deimhniúchán sláinte poiblí, ceanglais a leagtar síos i gcomhaontuithe coibhéise nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.
- (2) Níl feidhm ag Cuid II.2. den deimhniú seo, agus ba cheart é a scriosadh, i gcás ina bhfuil sa choinsíneacht na nithe seo a leanas: (a) speicis eile seachas iad sin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún (*); nó (b) ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha sin a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta agus atá le caitheamh ag an duine; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe eile seachas ainmhithe uisceacha beo a thugtar isteach san Aontas agus iad réidh le caitheamh go díreach ag an duine.
- (3) Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Ní mheasfar gur veicteoirí iad na speicis a liostaítear i gcolún 4 ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 171 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.
- (4) Le coinneáil, más iomchuí/le scriosadh mura bhfuil sé infheidhme.
- (5) Cód an tríú tír/na críche/an limistéir/na hurrainne mar a fheictear é ar liosta de thríú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.
- (6) Ní bheidh feidhm ag Codanna II.2.3.1, II.2.3.2 ná ag Cuid II.2.4 den deimhniú seo agus ba cheart iad a scriosadh más rud é nach bhfuil sa choinsíneacht ach na crústaigh nó na héisc seo a leanas:
- (a) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine de réir na gceanglas sonrach a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad,
- (b) crústaigh atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh pacáistí den sórt sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004,
- (c) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil bhreise gan iad a stóráil go sealadach ar an láthair phróiseála,
- (d) éisc a mharaítear agus a dhí-innítear sula seoltar iad.
- (7) Is infheidhme i gcás ina bhfuil stádas saor ó ghalair ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas maidir le galar de chatagóir C mar a shainmhínítear é i bpointe (3) d'Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó i gcás ina bhfuil sé faoi réir clár díothaithe roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429, i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.
- (8) Is infheidhme i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta déanta ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas maidir le galar sonrach, ar bearta iad atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429, i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.
- (9) Speicis a liostaítear i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le galair a bhfuil bearta náisiúnta ag na Ballstáit ina leith dá bhforáiltear in Airteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429.
- (10) le síniú ag:
- tréidlia oifigiúil i gcás nach scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe
 - oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil i gcás ina scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscithe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta de speicis agus liosta de ghrúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).";

2. I gCaibidil 31, ar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach i dtaca le héisc beo, crústaigh beo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas (CAIGHDEÁN MOL-HC), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí:

“Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótocal sin, baineann tagairtí do ‘Aontas Eorpach’ leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

Is éard atá in ‘ainmhithe uisceacha’ ainmhithe mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Is éard atá in ‘ainmhithe dobharshaothraithe’ ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothraithe mar a shainmhínítear i bpointe (7) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

Gach ainmhí uisceach agus gach táirge de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4. den deimhniú seo ina leith, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tíre/críche/limistéir/urrairne atá ar liosta de thrú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

Ní bheidh feidhm ag cuid II.2.4. den deimhniú maidir leis na hainmhithe uisceacha seo a leanas, agus dá bhrí sin, d’fhéadfadh siad a bheith de thionscnamh tíre nó de réigiún den tír sin atá liostaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625:

- moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na gceanglas sonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad;
- moilisc atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais maidir le pacáistí den sórt sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
- moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil breise a bheith déanta orthu gan stóráil shealadach ar an láthair phróiseála.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil sin a chomhlánú de réir na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bosca I.8: Réigiún tionscnaimh: sonraigh an limistéar táirgeachta agus a aicmiú ag tráth na buainte.

Cuid II:

- ⁽¹⁾ Níl feidhm ag Cuid II.1. maidir le tíortha a bhfuil ceanglais ar leith orthu maidir le deimhniúcháin sláinte poiblí a leagtar síos i gcomhaontuithe coibhéise nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.
- ⁽²⁾ Níl feidhm ag Cuid II.2., agus ba cheart é a scriosadh, i gcás ina bhfuil na nithe seo a leanas sa choinsíneacht: (a) speicis seachas iad sin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún (*); nó (b) ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha fiáine sin atá le caitheamh ag an duine agus a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha eile seachas ainmhithe uisceacha beo a thugtar isteach san Aontas agus iad réidh le caitheamh go díreach ag an duine.
- ⁽³⁾ Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Ní mheasfar gur veicteoirí iad na speicis a liostaítear i gcolún 4 ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 171 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692.

- (4) Le coinneáil, más iomchuí/le scriosadh mura bhfuil sé infheidhme.
- (5) Cód an tríú tír/na críche/an limistéir/na hurrainne mar a fheictear é ar liosta de thríú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.
- (6) Ní bheidh feidhm ag Codanna II.2.3.1, II.2.3.2 ná ag Cuid II.2.4 agus ba cheart iad a scriosadh más rud é nach bhfuil sa choinsíneacht ach na crústaigh nó na héisc seo a leanas:
- (a) moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad,
- (b) moilisc atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais do na pacáistí sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004,
- (c) moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil bhreise gan iad a stóráil go sealadach ar an láthair phróiseála.
- (7) Is infheidhme i gcás ina bhfuil stádas saor ó ghalair ag an mBallstát cinn scríbe/an limistéar cinn scríbe/an urrann chinn scríbe san Aontas maidir le galar de chatagóir C mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó i gcás ina bhfuil sé faoi réir clár díothaithe roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429, agus sa chás sin amháin agus i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.
- (8) Is infheidhme i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta déanta ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas maidir le galar sonrach, ar bearta iad atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429, i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.
- (9) Speicis a liostaítear i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692 maidir le galair a bhfuil bearta náisiúnta ag na Ballstáit ina leith dá bhforáiltear in Airteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429.
- (10) le síniú ag:
- tréidlia oifigiúil i gcás nach scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe
 - oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil i gcás ina scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta de speicis agus liosta de ghrúpaí speicis a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin, (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).";

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"Airteagal 7

Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le hainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe atá ceaptha le cur i mbunaíochtaí doibharshaothraithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach nach bhfuil le caitheamh ag an duine

An deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) atá le húsáid le haghaidh coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe atá ceaptha le cur i mbunaíochtaí doibharshaothraithe agus atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach nach bhfuil le caitheamh ag an duine, beidh an deimhniú sin ag teacht leis an deimhniú AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II.;"

2. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

“

IARSCRÍBHINN II

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach seo a leanas in Iarscríbhinn II:

Caighdeán

AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/ OTHER	Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le hainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe atá ceaptha le cur i mbunáochtaí do bharshaothraithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach gan a bheith le caitheamh ag an duine
------------------------------------	---

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH I dTACA LE hAINMHITHE UISCEACHA A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AINMHITHE ATÁ CEAPTHA LE CUR I mBUNAÍOCHTAÍ DOBHARSHAOTHRAITHE ÁIRITHE, ATÁ LE SCAOILEADH AMACH SAN FHIADHÚLRA, NÓ CHUN CRÍOCHA EILE, ACH GAN A BHEITH LE CAITHEAMH AG AN DUINE (CAIGHDEÁN 'AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER')

TÍR		Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER	
II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b	Tagairt CBFRO
Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil, a bhfuil mó shíniú thíos:			
II.1. De réir na faisnéise oifigiúla, comhlíonann na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I na ceanglais seo a leanas maidir le sláinte ainmhithe:			
II.1.1. Is de thionscnamh ⁽¹⁾ [bunaíocht] ⁽¹⁾ [gnáthóg] iad na hainmhithe uisceacha, ar áit í nach bhfuil faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe ná de bharr mortlaíochtaí mhínormálta a bhfuil cúis neamhchinntithe leo, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus na galair atá ag teacht chun cinn.			
II.1.2. Ní bheartaítear na hainmhithe uisceacha a mharú faoi chlár náisiúnta chun galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus na galair atá ag teacht chun cinn.			
⁽¹⁾ II.2. Comhlíonann na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I na ceanglais seo a leanas:			
II.2.1. Tagann siad ó bhunaíocht do bharshaothraithe atá ⁽¹⁾ [cláraithe] ⁽¹⁾ [formheasta] ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch tionscnaimh, agus atá faoina rialú, agus ar bunaíocht í ina bhfuil córas i bhfeidhm le taifid atá cothrom le dáta a choinneáil ar bun agus a choimeád ar feadh thréimhse 3 bliana ar a laghad, ar taifid iad ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:			
(i) speicis, catagóirí agus líon na n-ainmhithe do bharshaothraithe atá sa bhunaíocht do bharshaothraithe;			
(ii) gluaiseachtaí na n-ainmhithe uisceacha isteach sa bhunaíocht do bharshaothraithe agus amach aisti;			
(iii) an mhortlaíocht sa bhunaíocht do bharshaothraithe.			
II.2.2. Tagann siad as bunaíocht do bharshaothraithe a dtugann thréidlia cuairteanna rialta ar mhaithe le sláinte na n-ainmhithe chun críche comharthaí a bhrath atá ina léiriú ar na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus ar na galair atá ag teacht chun cinn agus go mbíonn minice na gcúairteanna sin comhréireach leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht do bharshaothraithe.]			
II.3. Ceanglais ghinearálta sláinte			
Comhlíonann na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I na ceanglais seo a leanas:			
II.3.1. Is de thionscnamh ⁽¹⁾ [tír] ⁽¹⁾ [críoch], ⁽¹⁾ [limistéar] ⁽¹⁾ [urrann] iad na hainmhithe uisceacha le ⁽²⁾ cód: __ __ - __ a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ar liosta tríú tíortha agus críocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429 i dtaca le speicis áirithe de ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas.			
II.3.2. Tá cigireacht chliniciúil déanta ag tréidlia oifigiúil orthu laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh am an luchtaithe. Le linn na cigireachta, ní léirigh na hainmhithe uisceacha aon siomptóm cliniciúil de ghalair in-tarchurtha agus, de réir thaifid ábhartha na bunaíochta do bharshaothraithe, ní raibh aon chomhartha ann go raibh fadhbanna galair ann.			
II.3.3. Déanfar iad a sheoladh go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas.			
II.3.4. Ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe uisceacha a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu.			

TÍR	Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER
	<p>⁽¹⁾nó[II.4. Ceanglais shonracha sláinte</p> <p>II.4.1. Ceanglais maidir le ⁽³⁾speicis liostaithe i dtaca le neacróis fhuilghinte Eipeasótach, Ionfhabhtú le <i>Mikrocytos mackini</i>, Ionfhabhtú le <i>Perkinsus marinus</i>, Ionfhabhtú le víreas Shiondróm Taura agus Ionfhabhtú le víreas ceannbhúí</p> <p>Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is de thionscnamh ⁽¹⁾[tír] ⁽¹⁾[críoch] ⁽¹⁾[limistéar] ⁽¹⁾[urrann] iad, áit ar dearbhaíodh ina leith go bhfuil sí saor ó na galair seo a leanas: ⁽¹⁾[neacróis fhuilghinte Eipeasótach] ⁽¹⁾[Ionfhabhtú le <i>Mikrocytos mackini</i>] ⁽¹⁾[, Ionfhabhtú le <i>Perkinsus marinus</i>] ⁽¹⁾[, Ionfhabhtú le víreas Shiondróm Taura] ⁽¹⁾[Ionfhabhtú le víreas ceannbhúí] i gcomhréir le coinníollacha atá ar a laghad chomh docht céanna leo sin a leagtar amach in Airteagal 66 nó in Airteagal 73(1) agus Airteagal 73(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún agus áit ina bhfuil gach ⁽³⁾speiceas liostaithe maidir leis an ngalar ábhartha agus na galair ábhartha:</p> <p>(i) á thabhairt isteach ó ⁽¹⁾[tír] ⁽¹⁾[críoch] ⁽¹⁾[limistéar] ⁽¹⁾[urrann] eile, ar áit í ar dearbhaíodh ina leith gur saor ón ngalar céanna agus ó na galair chéanna atá sí;</p> <p>(ii) nach bhfuil gach speiceas atá liostaithe vacsaínithe in aghaidh an ghalair ⁽¹⁾[sin] na ngalar ⁽¹⁾[siúd].</p> <p>⁽¹⁾(4)[II.4.2. Ceanglais le haghaidh ⁽³⁾speiceas liostaithe maidir le Víreas na septicéime fuilreatha víreasáí (VHS), Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN), ionfhabhtú víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán HPR-scriosta (ISAV), ionfhabhtú le <i>Marteilia refringens</i>, ionfhabhtú le <i>Bonamia exitiosa</i>, ionfhabhtú le <i>Bonamia ostreae</i>, agus ionfhabhtú le víreas na spotáí bána</p> <p>Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is de thionscnamh ⁽¹⁾[tír] ⁽¹⁾[críoch] ⁽¹⁾[limistéar] ⁽¹⁾[urrann] iad, áit ar dearbhaíodh ina leith go bhfuil sí saor ó na galair seo a leanas: ⁽¹⁾[Víreas na septicéime fuilreatha víreasáí (VHS)] ⁽¹⁾[Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN)] ⁽¹⁾[ionfhabhtú víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán HPR-scriosta (ISAV)] ⁽¹⁾[ionfhabhtú le <i>Marteilia refringens</i>] ⁽¹⁾[ionfhabhtú le <i>Bonamia exitiosa</i>] ⁽¹⁾[ionfhabhtú le <i>Bonamia ostreae</i>] ⁽¹⁾[ionfhabhtú le víreas na spotáí bána] i gcomhréir le Caibidil 4 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún agus áit ina bhfuil gach ⁽³⁾speiceas liostaithe maidir leis an ngalar ábhartha agus na galair ábhartha:</p> <p>(i) á thabhairt isteach ó ⁽¹⁾[tír] ⁽¹⁾[críoch] ⁽¹⁾[limistéar] ⁽¹⁾[urrann] eile, ar áit í ar dearbhaíodh ina leith gur saor ón ngalar céanna agus ó na galair chéanna í;</p> <p>(ii) nach bhfuil gach speiceas atá liostaithe vacsaínithe in aghaidh an ghalair ⁽¹⁾[sin] na ngalar ⁽¹⁾[siúd].]</p> <p>⁽¹⁾(5)[II.4.3. Ceanglais le haghaidh ⁽⁶⁾speiceas atá so-ghabhálach i leith ionfhabhtú víréime an Earraigh um víreas carbáin (SVC), galar baictéarach duáin (BKD), ionfhabhtú leis an víreas neacróis phaincréasach thógálach(IPN), ionfhabhtú le Gíreadachtalóis (GS), ionfhabhtú le alfa-víreas salmainide (SAV) ionfhabhtú le víreas heirpéis Ostreid 1 μvar (OsHV-1 μvar) agus ⁽³⁾speiceas atá so-ghabhálach i leith víreas heirpéis Koi</p> <p>Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is de thionscnamh ⁽¹⁾[tír] ⁽¹⁾[críoch] ⁽¹⁾[limistéar] ⁽¹⁾[urrann] iad, ar áit í a chomhlíonann na rátháíochtaí sláinte a mhéid a bhaineann le ⁽¹⁾[SVC], ⁽¹⁾[BKD], ⁽¹⁾[IPN], ⁽¹⁾[G. salaris], ⁽¹⁾[SAV], ⁽¹⁾[OsHV-1 μvar], ⁽¹⁾[KHV], ar rátháíochtaí iad atá riachtanach chun comhlíonadh a dhéanamh leis na bearta náisiúnta atá i bhfeidhm sa</p>

TÍR	Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER
	<p style="text-align: center;">Bhallstát cinn scríbe, mar a leagtar síos i ngníomhartha cur chun feidhme a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429.]</p> <p>⁽¹⁾nó[II.4. Ceanglais shonracha sláinte</p> <p>Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is ainmhithe uisceacha iad atá ceaptha le cur i mbunaíocht theoranta a chomhlíonann ceanglais Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún, áit a mbainfear úsáid astu chun críocha taighde.]</p> <p>⁽¹⁾nó[II.4. Ceanglais shonracha sláinte</p> <p>Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is ainmhithe uisceacha fiáine iad a bhí, ⁽¹⁾[faoi réir coraintín i mbunaíocht a bhí formheasta chun na críche sin ag an údarás inniúil sa ⁽¹⁾[tír] ⁽¹⁾[críoch] tionscnaimh nó thionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún.] ⁽¹⁾[beidh sé faoi réir coraintín i mbunaíocht atá formheasta chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún.]</p> <p>II.5. A mhéid is eol dom, agus mar a dhearbhaíonn an t-oibreoir, ní léiríonn na hainmhithe sa choinsíneacht aon siomptóm de ghalair agus tagann siad ó ⁽¹⁾[bunaíocht] ⁽¹⁾[gnáthóg] a bhfuil na dálaí seo a leanas a baint léi:</p> <p>(i) ní raibh aon bhás mínormálta inti a raibh cúis neamhchinnithe leis; agus</p> <p>(ii) ní raibh na hainmhithe uisceacha i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de ⁽³⁾speiceas liostaithe nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.I.</p> <p>II.6. Ceanglais iompair</p> <p>Rinneadh socruithe chun na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I a iompar i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 167 agus 168 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus go sonrath:</p> <p>II.6.1. go seoltar na hainmhithe uisceacha go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas agus nach ndíluchtaítear óna gcoimeádán iad agus iad á n-iompar d'aer, de mhuir, d'iarnród nó de bhóthar;</p> <p>II.6.2. nach n-athraítear an t-uisce ina n-iompraítear iad i dtríú tír nó i dtríú críoch, i limistéar nó in urrann nach bhfuil liostaithe le haghaidh an speicis áirithe agus na catagóire áirithe ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas;</p> <p>II.6.3. nach n-iompraítear na hainmhithe faoi dhálaí a gcuirfidh i gcontúirt a stádas sláinte, go háirithe:</p> <p>(i) nuair a iompraítear na hainmhithe in uisce, ní athróidh sé a stádas sláinte;</p> <p>(ii) go ndéanfar an modh iompair agus na coimeádáin a thógáil ar bhealach nach gcuirfear stádas sláinte na n-ainmhithe uisceacha i gcontúirt le linn a n-iompair;</p> <p>(iii) nár baineadh úsáid cheana as an ⁽¹⁾[coimeádán] ⁽¹⁾[bád umair], nó go glanfar agus go ndíghalrófar é i gcomhréir le prótacal agus le táirgí atá formheasta ag údarás inniúil an ⁽¹⁾[tríú tír] ⁽¹⁾[críoch] tionscnaimh, roimh lasta a luchtú le haghaidh a seolta chuig an Aontas;</p> <p>II.6.4. ón am luchtaithe ag an mbunaíocht tionscnaimh go dtí am sroichte an Aontais, ní iomprófar na hainmhithe sa choinsíneacht san uisce céanna ná sa ⁽¹⁾ [choimeádán] ⁽¹⁾ [bád umair] in éineacht le hainmhithe uisceacha a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu nó nach bhfuil ceaptha le tabhairt isteach san Aontas;</p>

TÍR	Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER
⁽²⁴⁾ IO L 268, 14.9.1992, lch. 54.

⁽²⁵⁾ IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.

⁽²⁶⁾ IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.

⁽²⁷⁾ IO L 228, 31.8.2010, lch. 15.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235:

“Airteagal 35

Forálacha idirthréimhseacha

1. Coinsíneachtaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí ilchodacha, péacáin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus síolta le haghaidh táirgeadh péacán atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, coinsíneachtaí a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 28/2012 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/628, glactar isteach san Aontas iad go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar choinníoll go raibh an deimhniú sínithe ag an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíneadh i gcomhréir leis an Rialachán sin agus leis an Rialachán Cur Chun Feidhme roimh an 21 Lúnasa 2021.
2. Teimpléad caighdeánach comhchuibhithe na ndeimhnithe le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, glactar é le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
3. Tagairtí d’fhorálacha de ghníomhartha aisghairthe sna deimhnithe agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí d’fhorálacha comhfhreagracha a cuireadh ina n-ionad agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil, i gcás inarb infheidhme.”.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/2236

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236:

“Airteagal 10

Forálacha idirthréimhseacha

1. Coinsíneachtaí d’ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bhfuil an deimhniú sláinte ainmhithe iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, glactar isteach san Aontas iad go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar choinníoll go raibh an deimhniú sláinte ainmhithe sínithe ag cigire oifigiúil roimh an 21 Lúnasa 2021.
2. Coinsíneachtaí d’ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bhfuil an deimhniú sláinte ainmhithe iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, glactar iad le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
3. Tagairtí d’fhorálacha de ghníomhartha aisghairthe sna deimhnithe, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí d’fhorálacha comhfhreagracha a cuireadh ina n-ionad agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil, i gcás inarb infheidhme.”.

Airteagal 3

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/403

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403:

“Airteagal 27

Forálacha idirthréimhseacha

1. Coinsíneachtaí d'ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008 agus (AE) Uimh. 206/2010, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 139/2013 agus (AE) 2018/659, Cinntí 2006/168/CE agus 2010/472/AE, agus i gcomhréir le Cinntí Cur Chun Feidhme 2011/630/AE, 2012/137/AE agus (AE) 2019/294 freisin, glacfar isteach san Aontas iad go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar choinníoll go raibh an deimhniú sínithe ag an duine atá údaraithe chun an deimhniú a shíneadh i gcomhréir leis na Rialacháin, leis na Rialacháin Chur Chun Feidhme, leis na Cinntí agus leis na Cinntí Cur Chun Feidhme sin roimh an 21 Lúnasa 2021.
2. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe crúbach a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoracha 64/432/CEE (*), 91/68/CEE (**), Treoir 92/65/CEE ón gComhairle agus Treoir 2009/156/CE (***) ón gComhairle, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
3. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe éan agus táirgí geirmeacha a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 2009/158/CE (****) ón gComhairle, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
4. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe táirgí geirmeacha ó bhó-ainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoracha 88/407/CEE agus 89/556/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
5. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
6. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó mhuc-ainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis na teimpléid a leagtar síos i dTreoir 90/429/CEE agus i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
7. Coinsíneachtaí de chineálacha áirithe táirgí geirmeacha ó eachainmhithe a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i gCinneadh 2010/470/AE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
8. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe beach a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 92/65/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
9. Coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus táirgí geirmeacha áirithe a thagann uathu a bhfuil an deimhniú iomchuí ag gabháil leo, deimhniú a eisíodh i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos i dTreoir 92/65/CEE, glacfar iad le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2021.
10. Tagairtí d'fhorálacha de ghníomhartha aisghairthe sna deimhnithe, déanfar iad a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha a cuireadh ina n-ionad agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil, i gcás inarb infheidhme.

(*) IO L 21, 29.7.1964, lch. 1977.

(**) IO L 46, 19.2.1991, lch. 19.

(***) IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.

(****) IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.”

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/620 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Aibreán 2021

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsáinthe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 31(3) agus 36(4) agus Airteagal 37(4)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 creat nua reachtaíochta maidir le cosc agus rialú galar, ar in-tarchurtha iad go hainmhithe nó go daoine. Go háirithe, leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de (galair liostaithe), agus foráiltear le hAirteagal 9 den Rialachán don chaoi a gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla galar liostaithe. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 freisin go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(b) de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(c) de agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, déantar foráil ann go bhformheasfaidh an Coimisiún stádas saor ó ghalair nó neamh-vacsáinthe Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429.
- (2) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ⁽²⁾ ón gCoimisiún déantar galair liostaithe a shainmhíniú ina ngalair de Chatagóir A go Chatagóir E, agus foráiltear ann go mbeidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le galair a chosc agus a rialú i gcás galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/429, maidir leis na catagóirí galar liostaithe do na speicis agus grúpaí liostaithe de speicis liostaithe dá dtagraítear sa tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Ba cheart don Rialachán seo rialacha a leagan síos a bhaineann le galair de Chatagóir A, de Chatagóir B nó de Chatagóir C.
- (3) I Rialachán (AE) 2016/429 meastar gur galair liostaithe na galair seo a leanas: ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (MTBC), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV), buinneach víreasach bhólachta (BVB), rineatraicéiteas tógalach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch (IBR/IPV), ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV), fíniú le *Varroa spp.*, ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle, ionfhabhtú le fliú éanúil ardphataigineach (HPAI), seipticéime fuilreatha víreasach (VHS), neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN), ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán atá scriosta sa réigiún ardpholamorfach (ISAV HPR-scriosta), ionfhabhtú le *Marteilia refringens*, ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*, ionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, agus ionfhabhtú le víreas na spotáí bána (WSSV). Cumhdaítear gach ceann de na galair liostaithe sin faoi na sainmhínte ar ghalair de Chatagóir A, de Chatagóir B nó de Chatagóir C a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, agus liostaítear go cuí iad sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe i dtaca le galair a chosc agus a rialú a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpa speiceas lena mbaineann riosca suntasach maidir le leathadh na ngalar sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

- (4) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ⁽³⁾, déantar forlíonadh ar na rialacha maidir le cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i gcás galair liostaithe áirithe ainmhithe talún, uisceacha agus eile, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429. Go háirithe, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 bunaítear na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le cláir dhíothaithe a fhormheas do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh.
- (5) Foráiltear le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) 2020/689, i gcás na mBallstát nó criosanna díobh a bhfuil clár díothaithe formheasta nó clár faireachais formheasta acu maidir le galair de chatagóir C roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, measfar go bhfuil clár díothaithe formheasta acu i gcomhréir leis an Rialachán sin go ceann tréimhse 6 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Dá réir sin, ba cheart an teorannú sin a chur in iúl sna hlarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (6) Déantar foráil in Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429 maidir leis na rialacha i ndáil le stádas saor ó ghalair atá ann cheana a choinneáil ar bun nó cláir dhíothaithe agus faireachais fhormheasta na mBallstát nó criosanna nó deighleoga díobh a choinneáil ar bun i gcás galair liostaithe áirithe a formheasadh le gníomhartha ón gCoimisiún arna nglacadh i gcomhréir le Treoracha 64/432/CEE ⁽⁴⁾, 91/68/CEE ⁽⁵⁾, 92/65/CEE ⁽⁶⁾, 2005/94/CE ⁽⁷⁾, 2006/88/CE ⁽⁸⁾ nó 2009/158/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾. Ina theannta sin, forlíontar le hAirteagail 84 agus 85 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 ina leith sin trí bhearta idirthréimhseacha a leagan síos i dtaca leis na stádas saor ó ghalair atá ann cheana, agus cláir dhíothaithe agus faireachais fhormheasta atá ann cheana féin, maidir leis na galair liostaithe sin.
- (7) Ar mhaithe leis an simpliú agus leis an trédhearcacht, sa Rialachán seo ba cheart liostaí a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad liostaí na mBallstát, na gcriosanna agus na ndeighleog atá saor ó ghalair cheana féin agus na gclár díothaithe agus faireachais formheasta atá ann cheana féin a leagtar amach sna gníomhartha ón gCoimisiún arna nglacadh de bhun na dTreoracha dá dtagraítear in Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429 agus i dTreoracha áirithe dá dtagraítear in Airteagail 84 agus 85 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.
- (8) I gcás galair liostaithe áirithe, leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 rialacha den chéad uair maidir le stádas saor ó ghalair a fhormheas do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh agus, dá bhrí sin, níl feidhm ag forálacha Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429 maidir leis na cásanna sin. Is amhlaidh atá i gcás ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV), buinneach víreasach bhólachta (BVB) nó ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*. Tá iarratais curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag roinnt Ballstát go ndeonófaí stádas saor ó ghalair díobh maidir leis na galair liostaithe sin. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin critéir Ranna 1 agus 2 de Chaibidil 4 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena leagtar síos rialacha maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú do Bhallstáit nó criosanna agus deighleoga díobh. Dá bhrí sin, ba cheart stádas saor ó ghalair a dheonú do na Ballstáit sin nó do na criosanna agus na deighleoga ábhartha díobh agus ba cheart iad a liostú go cuí sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha d'fhaireachais, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

⁽⁴⁾ Treoir 64/432/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1964 maidir le fadhbanna sláinte ainmhithe a dhéanann difear do thrádáil laistigh den Chomhphobal i mbó ainmhithe agus i mucra (IO L 121, 29.7.1964, lch. 1977/64).

⁽⁵⁾ Treoir 91/68/CEE ón gComhairle an 28 Eanáir 1991 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil laistigh den Chomhphobal in ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair (IO L 46, 19.2.1991, lch. 19).

⁽⁶⁾ Treoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil agus allmhairithe isteach sa Chomhphobal d'ainmhithe, seamhan, ubhain agus suthanna nach bhfuil faoi réir na gceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos sna rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE (IO L 268, 14.9.1992, lch. 54).

⁽⁷⁾ Treoir 2005/94/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú an fhliú éanúil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/40/CEE (IO L 10, 14.1.2006, lch. 16).

⁽⁸⁾ Treoir 2006/88/CE ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le ceanglais i dtaca le sláinte ainmhithe d'ainmhithe uisceacha agus táirgí uathu, agus maidir le galair áirithe a chosc agus a rialú in ainmhithe uisceacha (IO L 328, 24.11.2006, lch. 14).

⁽⁹⁾ Treoir 2009/158/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil in éanlaith chlóis agus uibheacha goir laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh as tríú tíortha (IO L 343, 22.12.2009, lch. 74).

- (9) I gcás galair liostaithe áirithe, leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 rialacha maidir le cláir dhíothaithe a fhorpheas do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir fhorálacha Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429. Is amhlaidh atá i gcás ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (MTBC), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV), buinneach víreasach bhólachta (BVB) nó ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*. Tá iarratais curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag roinnt Ballstát go bhformheasfaí na cláir dhíothaithe maidir leis na galair liostaithe sin. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin critéir Chaibidlí 2 agus 3 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena leagtar síos critéir atá le comhlíonadh chun go ndéanfar cláir dhíothaithe le haghaidh galair de Chatagóir B agus de Chatagóir C ainmhithe talún agus uisceacha, faoi seach, a fhorpheas. Dá bhrí sin, ba cheart na cláir dhíothaithe sin a fhorpheas agus ba cheart na Ballstáit nó criosanna agus deighleoga díobh a liostú go cúí sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (10) I gcás galair liostaithe áirithe, níl iarratais ó Bhallstáit go ndeonófaí stádas saor ó ghalair dóibh nó go bhformheasfaí a gcláir dhíothaithe faighte go fóill ag an gCoimisiún nó níl an measúnú orthu tugtha chun críche go fóill. A luaithe a bheidh an measúnú tugtha chun críche, féadfar na Ballstáit, na criosanna nó na deighleoga ábhartha a liostú sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (11) Ina theannta sin, i gcás ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. Suis*, chuir Ballstát iarratas faoi bhráid an Choimisiúin le déanaí go ndéanfaí stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* a dheonú do chrios. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas critéir Airteagal 71 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena leagtar síos rialacha maidir le haitheantas a thabhairt do stádas saor ó ghalair bunaithe ar chláir dhíothaithe. Dá bhrí sin, ba cheart stádas saor ó ghalair a dheonú don chrios agus ba cheart é a liostú go cúí sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (12) Maidir le fliú éanúil, foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún ⁽¹⁰⁾, a glacadh de bhun Threoir 2005/94/CE, go bhformheasfaidh na Ballstáit deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas. Tá liosta na ndeighleog formheasta ar fáil go poiblí agus tá naisc chuig leathanaigh faisnéise idirlíon-bhunaithe na mBallstát ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Maidir le deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas atá formheasta i ndáil le fliú éanúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ba cheart a stádas saor ó ghalair a choinneáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus ba cheart iad a liostú go cúí sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (13) I gCinneadh 2003/467/CE ón gCoimisiún ⁽¹¹⁾ liostaítear na Ballstáit agus na réigiúin sna Ballstáit sin a bhfuil stádas oifigiúil saor ó eitinn, saor ó bhrúsallóis agus saor ó LBE acu i gcomhréir le Treoir 64/432/CEE. Ba cheart na Ballstáit agus na réigiúin sna Ballstáit sin a liostú go cúí sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (14) I gCinneadh 93/52/CEE ón gCoimisiún ⁽¹²⁾ leagtar amach an liosta de na Ballstáit agus na réigiúin sna Ballstáit sin ag a bhfuil stádas oifigiúil saor ó bhrúsallóis (*B. melitensis*) i gcomhréir le Treoir 91/68/CEE. Ba cheart na Ballstáit agus na réigiúin sin a liostú go cúí sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/94/CE ón gComhairle maidir le deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas a fhorpheas i ndáil le fliú éanúil agus bearta coiscitheacha bithshlándála breise i ndeighleoga den sórt sin (IO L 181, 14.7.2009, lch. 16).

⁽¹¹⁾ Cinneadh 2003/467/CE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2003 lena mbunaítear stádas oifigiúil saor ó eitinn, ó bhrúsallóis, agus ó liúcóis bhuaibheach eansótach Ballstát áirithe agus réigiún áirithe de Bhallstáit maidir le tréada buaibheacha (IO L 156, 25.6.2003, lch. 74).

⁽¹²⁾ Cinneadh 93/52/CEE ón gCoimisiún an 21 Nollaig 1992 ina dtaifeadtar comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le brúsallóis (*B. melitensis*) ag Ballstáit nó réigiúin áirithe agus, dá réir sin, stádas a dheonú dóibh mar Bhallstáit nó réigiún atá saor go hoifigiúil ón ngalar (IO L 13, 21.1.1993, lch. 14).

- (15) Leagtar amach le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE ón gCoimisiún ⁽¹³⁾ an liosta de na Ballstáit nó de chríocha sna Ballstáit sin a aithnítear a bheith saor ó varróis i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE. Ba cheart na Ballstáit sin nó críoch na mBallstát sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (16) Le Cinntí 94/963/CE ⁽¹⁴⁾ agus 95/98/CE ⁽¹⁵⁾ ón gCoimisiún, bunaítear gur stádas “neamh-vacsáinthe” maidir le galar Newcastle atá ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn i gcomhréir le Treoir 2009/158/CE. Ba cheart na Ballstáit sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (17) I gCinneadh 2004/558/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁶⁾, leagtar amach na liostaí de réigiúin na mBallstát a bhfuil stádas saor ó IBR acu agus de réigiúin na mBallstát a bhfuil clár dhíothú IBR formheasta acu i gcomhréir le Treoir 64/432/CEE. Ba cheart na réigiúin a bhfuil stádas saor ó IBR acu a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ba cheart do na réigiúin sin a bhfuil clár dhíothú IBR fhorhmeasta acu a gclár a choinneáil ar bun go ceann tréimhse theoranta ama i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/689, agus ba cheart iad a liostú sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (18) I gCinneadh 2008/185/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁷⁾, leagtar amach na liostaí de na Ballstáit nó de na réigiúin sna Ballstáit sin a bhfuil stádas saor ó ghalair Aujeszky acu agus na réigiúin a bhfuil clár dhíothú Aujeszky formheasta acu i gcomhréir le Treoir 64/432/CEE. Ba cheart na Ballstáit sin nó na réigiúin sna Ballstáit sin a bhfuil stádas saor ó ghalair Aujeszky acu a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ba cheart do na réigiúin sin a bhfuil clár dhíothú Aujeszky fhorhmeasta acu iad a choinneáil ar bun go ceann tréimhse theoranta ama i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/689, agus ba cheart iad a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (19) I gCinneadh 2009/177/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁸⁾, bunaítear liostaí de na Ballstáit agus criosanna agus deighleoga áirithe a bhfuil stádas saor ó ghalair acu, nó atá faoi réir cláir faireachais nó cláir dhíothaithe fhorhmeasta i dtaca le galair liostaithe ainmhithe uisceacha i gcomhréir le Treoir 2006/88/CE. Ba cheart stádas saor ó ghalair na mBallstát, na gcriosanna agus na ndeighleog sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ba cheart na cláir fhorhmeasta a choinneáil go ceann tréimhse theoranta ama i gcomhréir le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) 2020/689, agus ba cheart iad a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (20) Maidir le galair liostaithe ainmhithe uisceacha, tá criosanna agus deighleoga áirithe atá saor ó ghalair agus cláir faireachais fhorhmeasta nach liostaítear i gCinneadh 2009/177/CE ach a bhfuil liostaí diobh ar fáil go poiblí ar leathanaigh faisnéise idirlíon-bhunaithe na mBallstát i gcomhréir le Treoir 2006/88/CE. Sna criosanna agus sna deighleoga sin ba cheart a stádas saor ó ghalair a choinneáil, agus ba cheart na cláir a choinneáil go ceann tréimhse theoranta i gcomhréir le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) 2020/689. Faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis na bunáidí atá lonnaithe sna criosanna agus na deighleoga sin atá saor ó ghalair, nó atá faoi réir na gclár sin, déantar an fhaisnéis sin a leagan amach ar an leathanach idirlín atá ar fáil don phobal agus a bunaíodh agus choinnítear ar bun i gcomhréir le hAirteagal 185(3) de Rialachán (AE) 2016/429 agus le hAirteagal 21(2) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/691 ón gCoimisiún ⁽¹⁹⁾.

⁽¹³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2013 lena n-aithnítear codanna den Aontas a bheith saor ó varróis i mbeacha agus lena mbunaítear ráthaíochtaí breise a theastaíonn i dtaobh trádáil agus allmhairí laistigh den Aontas chun a stádas saor ó varróis a chosaint (IO L 273, 15.10.2013, lch. 38).

⁽¹⁴⁾ Cinneadh 94/963/CE ón gCoimisiún an 28 Nollaig 1994 lena mbunaítear gur stádas neamh-vacsáinthe maidir le galar Newcastle atá ag an bhFionlainn (IO L 371, 31.12.1994, lch. 29).

⁽¹⁵⁾ Cinneadh 95/98/CE ón gCoimisiún an 13 Márta 1995 lena mbunaítear gur stádas neamh-vacsáinthe maidir le galar Newcastle atá ag an tSualainn (IO L 75, 4.4.1995, lch. 28).

⁽¹⁶⁾ Cinneadh 2004/558/CE ón gCoimisiún an 15 Iúil 2004 lena gcuirtear chun feidhme Threoir 64/432/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ráthaíochtaí breise do thrádáil bó-ainmhithe laistigh den Chomhphobal maidir le rineatraicéiteas tógalach buaibheach agus formheas na gclár díothaithe arna dtíolacadh ag Ballstáit áirithe (IO L 249, 23.7.2004, lch. 20).

⁽¹⁷⁾ Cinneadh 2008/185/CE ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2008 maidir le ráthaíochtaí breise i dtrádáil muc laistigh den Chomhphobal a bhaineann le galar Aujeszky agus critéir chun faisnéis a sholáthar faoin ngalar sin (IO L 59, 4.3.2008, lch. 19).

⁽¹⁸⁾ Cinneadh 2009/177/CE ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2006/88/CE ón gComhairle maidir le cláir faireachais agus dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair Ballstát, criosanna agus deighleoga (IO L 63, 7.3.2009, lch. 15).

⁽¹⁹⁾ Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha i dtaca le bunáidí docharshaothraithe agus iompróirí ainmhithe uisceacha (IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).

- (21) Ós rud é go bhfuil na liostaí a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo á gcur in ionad na liostaí a leagtar amach i gCinntí 93/52/CEE, 94/963/CE, 95/98/CE, 2003/467/CE, 2004/558/CE, 2008/185/CE agus 2009/177/CE, Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE, ba cheart na gníomhartha sin a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina n-ionad.
- (22) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hlarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429, agus gníomhartha de chuid an Choimisiúin atá bunaithe air, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Chuige sin, ba cheart an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) a liostú sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás inarb ábhartha do Thuaisceart Éireann.
- (23) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429 ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin freisin.
- (24) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Sa Rialachán seo, leagtar síos rialacha cur chun feidhme do na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair agus neamh-vacsáinthe Ballstát áirithe ⁽²⁰⁾ nó criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár dhíothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin.
2. Liostaítear sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo na Ballstáit nó criosanna nó deighleoga díobh araon a measfar a stádas saor ó ghalair nó a gcláir dhíothaithe a bheith formheasta mar a fhoráiltear in Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429, agus iad siúd a ndéanfar a stádas saor ó ghalair agus a gcláir dhíothaithe a fhorghnó go cuí faoin Rialachán seo agus a liostú go cuí sna hlarscríbhinní a ghabhann leis.
3. Sa Rialachán seo liostaítear na nithe seo a leanas sna hlarscríbhinní a ghabhann leis:
 - (a) na Ballstáit nó criosanna nó deighleoga díobh ina bhfuil cláir dhíothaithe éigeantacha fhorghnó le haghaidh galair de Chatagóir B agus cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh galair de Chatagóir C.
 - (b) na Ballstáit nó criosanna sna Ballstáit sin ag a bhfuil stádas saor ó ghalair agus stádas neamh-vacsáinthe;
 - (c) deighleoga na mBallstát a bhfuil stádas aitheanta saor ó ghalair acu.

Airteagal 2

Ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe buaibheacha a liostú i gCaibidil 1 de Chuid I d'Iarscríbhinn I.

⁽²⁰⁾ I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hlarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialachán seo, baineann tagairt do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair a liostú i gCaibidil 2 de Chuid I d'Iarscríbhinn I.
3. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe éigeantach formheasta maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 3

Ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*M. bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn II.
2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe éigeantach formheasta maidir le hionfhabhtú le MTBC a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn II.

Airteagal 4

Ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn III.
2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe éigeantach formheasta maidir le hionfhabhtú le RABV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn III.

Airteagal 5

Liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn IV.
2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le LBE a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn IV.

Airteagal 6

Rineatraicéiteas tógalach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch (IBR/IPV)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le rineatraicéiteas tógalach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch (IBR/IPV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn V.
2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le IBR/IPV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn V.

Airteagal 7

Ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VI.
2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le hionfhabhtú le ADV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 8***Buinneach víreasach bhólachta (BVB)**

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le buinneach víreasach bhólachta (BVB) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VII.
2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le hionfhabhtú le BVB a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 9***Ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV)**

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII.
2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le hionfhabhtú le BTV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 10***Fíniú le *Varroa* spp.**

Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le fíniú le *Varroa* spp. a liostú in Iarscríbhinn IX.

*Airteagal 11***Ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle**

Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú a liostú in Iarscríbhinn X.

*Airteagal 12***Ionfhabhtú le fluí éanúil ardphataigineach (HPAI)**

Liostófar deighleoga na mBallstát atá saor ó HPAI in Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 13***Seipticéime fuilreatha víreasach (VHS)**

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XII:
 - (a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le seipticéime fuilreatha víreasach (VHS) ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le VHS ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le VHS, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.
2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XII:
 - (a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le VHS ag a gcríoch iomlán;

- (b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le VHS ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
- (c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le VHS, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 14

Neacróis fhuilghinte thógalach (IHN)

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XIII:
 - (a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN) ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le IHN ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le IHN, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.
2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XIII:
 - (a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le IHN ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le IHN ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le IHN, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 15

Ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán atá scriosta sa réigiún ardpholamorfach (ISAV HPR-scriosta)

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XIV:
 - (a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán atá scriosta sa réigiún ardpholamorfach (ISAV HPR-scriosta) ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.
2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XIV:
 - (a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

*Airteagal 16***Ionfhabhtú le *Marteilia refringens***

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XV:
 - (a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.
2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XV:
 - (a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

*Airteagal 17***Ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa***

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XVI:
 - (a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.
2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XVI:
 - (a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna agus deighleoga na mBallstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

*Airteagal 18***Ionfhabhtú le *Bonamia ostreae***

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XVII:
 - (a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag a gcríoch iomlán;

- (b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna nó deighleoga na mBallstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.
2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XVII:
- (a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 19

Ionfhabhtú le víreas an tsiondróim spotáí bána (WSSV)

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XVIII:
- (a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas an tsiondróim spotáí bána (WSSV) ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le WSSV ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le WSSV, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.
2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XVIII:
- (a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le WSSV ag a gcríoch iomlán;
 - (b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le WSSV ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus
 - (c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le WSSV, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 20

Aisghairm

Aisghairtear na gníomhartha seo a leanas:

- Cinneadh 93/52/CEE;
- Cinneadh 94/963/CE;
- Cinneadh 95/98/CE;
- Cinneadh 2003/467/CE;
- Cinneadh 2004/558/CE;
- Cinneadh 2008/185/CE;
- Cinneadh 2009/177/CE;
- Rialachán (CE) Uimh. 616/2009;
- Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE.

*Airteagal 21***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

IONFHABHTÚ LE BRUCELLA ABORTUS, B. MELITENSIS AGUS B. SUIIS

CUID I

Stádas saor ó ghalair maidir le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*

CAIBIDIL 1

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe buaibheacha

Ballstát (*)	Críoch
An Bheilg	Críoch iomlán
An tSeicia	Críoch iomlán
An Danmhairg	Críoch iomlán
An Ghearmáin	Críoch iomlán
An Eastóin	Críoch iomlán
Éire	Críoch iomlán
An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Asturias Comunidad Autónoma de Islas Baleares Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha Comunidad Autónoma de Castilla y León Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Extremadura: provincia de Badajoz Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma de País Vasco Comunidad Autónoma de Valencia
An Fhrainc	Críoch iomlán
An Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia di Pescara Regione Campania: Province di Avellino, Benevento, Napoli Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise: Provincia di Campobasso Regione Piemonte

	Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto
An Chipir	Críoch iomlán
An Laitvia	Críoch iomlán
An Liotuáin	Críoch iomlán
Lucsamburg	Críoch iomlán
Málta	Críoch iomlán
An Ísiltír	Críoch iomlán
An Ostair	Críoch iomlán
An Pholainn	Críoch iomlán
An Phortaingéil	Região Algarve: gach <i>distrito</i> Região Autónoma dos Açores: Ilhas de Corvo, Faial, Flores, Graciosa, Pico, Santa Maria Região Centro: distritos Aveiro, Viseu, Guarda, Coimbra, Leiria, Castelo Branco
An Rómáin	Críoch iomlán
An tSlóivéin	Críoch iomlán
An tSlóvaic	Críoch iomlán
An Fhionlainn	Críoch iomlán
An tSualainn	Críoch iomlán
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	Tuaisceart Éireann

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

CAIBIDIL 2

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair

Ballstát (*)	Críoch
An Bheilg	Críoch iomlán
An tSeicia	Críoch iomlán
An Danmhairg	Críoch iomlán
An Ghearmáin	Críoch iomlán
An Eastóin	Críoch iomlán

Éire	Críoch iomlán
An Spáinn	Críoch iomlán
An Fhrainc	Région Auvergne et Rhône-Alpes Région Bourgogne-Franche-Comté Région Bretagne Région Centre-Val de Loire Région Corse Région Grande Est Région Hauts-de-France Région Ile-de-France Région Normandie Région Nouvelle-Aquitaine Région Occitanie Région Pays de la Loire Région Provence-Alpes-Côte d'Azur
An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Calabria: Province di Catanzaro, Cosenza Regione Campania: Provincia di Benevento Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise Regione Piemonte Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi agus Taranto Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto
An Chipir	Críoch iomlán
An Laitvia	Críoch iomlán
An Liotuáin	Críoch iomlán
Lucsamburg	Críoch iomlán
An Ungáir	Críoch iomlán
An Ísiltír	Críoch iomlán
An Ostair	Críoch iomlán
An Pholainn	Críoch iomlán
An Phortaingéil	Região Autónoma dos Açores
An Rómáin	Críoch iomlán
- (10) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faisnéis atá le tarchur chuig ÚBE

Déanfaidh na húdaráis réitigh, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, an fhaisnéis a shonraítear sna teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo agus a bhaineann le MREL a shocrú a tharchur chuig ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 45 go 45h agus le hAirteagal 45m de Threoir 2014/59/AE.

Airteagal 2

Ceanglas tuairiscithe simplithe ar institiúidí atá faoi réir tarscaoiltí agus ar institiúidí a bhfuil méid an athchaipitliúcháin cothrom le nialas

1. Maidir le hinstitiúidí ar dóibh a tarscaoileadh cur i bhfeidhm MREL de bhun Airteagal 45f(3), Airteagal 45f(4) nó Airteagal 45g de Threoir 2014/59/AE, ní dhéanfaidh na húdaráis réitigh an fhaisnéis a shonraítear i gcolún 0010 go colún 0100 agus i gcolún 0270 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a tharchur ach chuig ÚBE amháin.
2. Maidir le hinstitiúidí a bhfuil an méid athchaipitliúcháin cothrom le nialas, méid arna shocrú i gcomhréir le hAirteagal 45c(2) de Threoir 2014/59/AE, agus i gcás nach ndéantar aon choigeartuithe ar an méid ionsúcháin caillteanaís i gcomhréir leis an mír sin, ní dhéanfaidh na húdaráis réitigh a tharchur chuig ÚBE ach an fhaisnéis a shonraítear i gcolún 0010 go colún 0080 agus i gcolún 0270 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

*Airteagal 3***Údarás tuairiscithe agus faisnéis atá le tuairisciú le haghaidh grúpaí**

I gcás grúpaí atá faoi réir MREL ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 45e, Airteagal 45f(1), an tríú fomhír, agus Airteagal 45f(4), pointe (b), de Threoir 2014/59/AE, tíolacfaidh na húdaráis seo a leanas an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 ar an mbealach seo a leanas:

- (a) cuirfidh údarás réitigh ar ghrúpleibhéal, i gcomhar le húdarás maoirseachta ar ghrúpleibhéal, ÚBE ar an eolas faoi MREL mháthairghnóthas an Aontais a shocraítear ar bhonn comhdhlúite;
- (b) na húdaráis réitigh a dhéanfaidh na cinntí lena socraítear MREL, i gcomhar leis an údarás inniúil, cuirfidh siad ÚBE ar an eolas faoin MREL a bheidh le cur i bhfeidhm ar fhochuideachtaí an ghrúpa atá faoina ndlínse ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh agus ar bhonn aonair de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 4***Tréimhsí tuairiscithe agus dátaí tíolactha**

Faoin 31 Bealtaine gach bliain, tarchuirfidh na húdaráis réitigh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 don MREL is infheidhme ón 1 Bealtaine an bhliain sin.

*Airteagal 5***Formáidí malartaithe sonraí agus faisnéis a ghabhann le tíolacthaí**

1. Tíolacfaidh na húdaráis réitigh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 san fhormaid malartaithe sonraí agus i gcomhréir le sonraíochtaí agus uirill theicniúla chóras tuairiscithe ÚBE (EUCLID).
2. Nuair a bheidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 á tíolacadh, urramóidh na húdaráis réitigh sainmhínte phointe sonraí na samhla pointe sonraí agus na rialacha bailíochtaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn III chomh maith leis na sonraíochtaí seo a leanas:
 - (a) faisnéis nach bhfuil de cheangal a sholáthar nó nach infheidhme, ní chuirfear i dtíolacadh sonraí í;
 - (b) cuirfear luachanna uimhriúla isteach mar a leanas:
 - (i) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí “Airgeadaíoch” ag gabháil leo a thuairisciú trí úsáid a bhaint as beachtas íosta is ionann agus mílte aonad;
 - (ii) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí “Céatadán” ag gabháil leo a shloinneadh in aghaidh an aonaid agus beachtas íosta acu is ionann agus ceithre dheachúil;
 - (iii) déanfar pointí sonraí an chineáil sonraí “Slánuimhir” a thuairisciú trí úsáid a bhaint as beachtas íosta is ionann agus aonaid agus gan deachúla a úsáid;
 - (c) saináithneofar institiúidí, gnóthais árachais agus eintitis dhlíthiúla ar a nAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), i gcás ina mbeidh siad ar fáil.

*Airteagal 6***Aisghairm**

Déantar, leis seo, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/308 a aisghairm.

*Airteagal 7***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

M 20.00 – Tuairiscíú ar chinntí maidir le MREL

INSTITIÚID														
CÓD EINTITIS	CINEÁL CÓID	CÓD EINTITIS RÉITIGH	CINEÁL CÓID	IMLÍNE CHOMHDHLÚ-THAITHE	CINEÁL INSTITIÚIDE	MREL INMHEÁNACH NÓ SEACHTRACH	TUAIRISCIÚ SIMPLITHE	TARSCAOI-LEADH	CÚIS AN TARSCAOILTE	STRAITÉIS AGUS UIRLISÍ RÉITIGH				
										STRAITÉIS RÉITIGH	PRÍOMHUIR-LIS RÉITIGH (STRAITÉIS THO-SAÍOCHTA)	UIRLIS THÁNAIS-TEACH RÉITIGH (STRAITÉIS THO-SAÍOCHTA)	PRÍOMHUIR-LIS RÉITIGH (STRAITÉIS MHALARTACH)	UIRLIS THÁNAISTEACH RÉITIGH (STRAITÉIS MHALARTACH)
0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140	0150

INSTITIÚID				SONRAÍ AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE A ÚSÁIDTEAR CHUN MREL A CHALABRÚ						
CEANGLAS CISTÍ DÍLSE BREISE AGUS CEANGLAS MAOLÁIN COMHCHEANGAILTE				DÁTA TAGARHA	ROIMH AN RÉITEACH			TAR ÉIS AN RÉITIGH		
DÁTA TAGARHA	CEANGLAS CISTÍ DÍLSE BREISE MAR % DE TREA	CEANGLAS MAOLÁIN COMHCHEANGAILTE	INA MEASC: CAIPITEAL MAOLÁNACH FRITH-THIMTHRIALLACH		TREA	TLOF	TEM	TREA	TLOF	TEM
0160	0170	0180	0190	0200	0210	0220	0230	0240	0250	0260

CINNEADH MAIDIR LE MREL											
DÁTA AN CHINNIDH	DÁTA AN CHOMHLÍONTA	CEANGLAS MAR % DE TREA	INA MEASC: FÉADFAR É A CHOMHLÍONADH TRÍ RÁTHAÍOCHTAÍ	CEANGLAS MAR % DE TEM	INA MEASC: FÉADFAR É A CHOMHLÍONADH TRÍ RÁTHAÍOCHTAÍ	FO-ORDÚ IOMLÁN MAR % DE TREA		FO-ORDÚ IOMLÁN MAR % DE TEM		LAMHÁLTAS FIACHAIS SHINSEARAIGH	LAMHÁLTAS DE MINIMIS
						CEANGLAS FO-ORDÚCHÁIN ÉIGEANTACH	CEANGLAS FO-ORDÚCHÁIN LÁNROGHNACH	CEANGLAS FO-ORDÚCHÁIN ÉIGEANTACH	CEANGLAS FO-ORDÚCHÁIN LÁNROGHNACH		
0270	0280	0290	0300	0310	0320	0330	0340	0350	0360	0370	0380

COIGEARTUITHE										IDIRTHRÉIMHSE					
COIGEARTUITHE LE hAGHAIDH AN MÉID IONSÚCHÁIN CAILLTEANAIS A CHALABRÚ		COIGEARTUITHE LE hAGHAIDH AN MÉID ATHCHAIPTILITHE A CHALABRÚ MAR % DE TREA						COIGEARTUITHE LE hAGHAIDH AN MÉID ATHCHAIPTILITHE A CHALABRÚ MAR % DE TEM		SPRIOC IDIRMHEÁNACH					
		COIGEARTUITHE AR AN gCEANGLAS CISTÍ DÍLSE BREISE		COIGEARTUITHE AR AN MAOLÁN MUINÍNE MARGAIDH		COIGEARTUITHE ATÁ MAR THORADH AR AN ATHRÚ AR AN gCLÁR COMHARDAITHE TAR ÉIS AN RÉITIGH		COIGEARTUITHE ATÁ MAR THORADH AR AN ATHRÚ AR AN gCLÁR COMHARDAITHE TAR ÉIS AN RÉITIGH		MAR % DE TREA			MAR % DE TEM		
MAR % DE TREA	MAR % DE TEM	SUAS	SÍOS	SUAS	SÍOS	SUAS	SÍOS	SUAS	SÍOS	LEIBHÉAL MREL	FO-ORDÚ	DÁTA CUR I bhFEIDHM	LEIBHÉAL MREL	FO-ORDÚ	DÁTA CUR I bhFEIDHM
0390	0400	0410	0420	0430	0440	0450	0460	0470	0480	0490	0500	0510	0520	0530	0540

IARSCRÍBHINN II

TREORACHA LE HAGHAIDH TUAIRISCIÚ A CHRÍOCHNÚ AR CHINNTÍ MAIDIR LE MREL

CUID I

TREORACHA GINEARÁLTA

1. Cumhdaítear san Iarscríbhinn seo na treoracha maidir le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 45j de Threoir 2014/59/AE maidir leis an gceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) arna leagan síos ag na húdaráis réitigh.
2. Cuirfidh gach údarás réitigh, i gcomhar le húdaráis inniúla, in iúl do ÚBE maidir leis an tacar MREL i ndáil le gach institiúid faoina dhlínse. I dtaca le grúpaí réitigh, déanfaidh an t-údarás réitigh ar ghrúpleibhéal an fhaisnéis ábhartha a tharchur le haghaidh mháthairghnóthas an Aontais ar bhonn comhdhlúite. Déanfaidh gach údarás réitigh an fhaisnéis a tharchur maidir leis an tacar MREL i ndáil le grúpaí réitigh agus fo-chuideachtaí.
3. I dtaca le grúpaí arna mbunú san Aontas Baincéireachta nó a bhfuil fochuideachtaí acu laistigh di, tuairisceoidh an Bord Réitigh Aonair maidir le cinntí arna nglacadh i ndáil le gach eintiteas a thagann faoina dhlínse faoi mar a shainítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
4. I gcás ina bhfuil na sonraí in airgeadra nach é an euro é, úsáidfidh na húdaráis rátaí tagartha malairte eachtraí euro de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh (https://www.ecb.europa.eu/stats/policy_and_exchange_rates/euro_reference_exchange_rates/html/index.en.html) ag dáta ar a ndearna an cinneadh maidir le MREL agus gach méid a thuairisciú in euro.
5. I gcás ina bhfuair institiúid díolúine ó MREL, cuirfear sin in iúl i gcolún 0090, agus is féidir leis an údarás réitigh tuairisciú simplithe a roghnú agus gan ach an fhaisnéis i gcolúin 0010 agus 0100 a thuairisciú. I gcás ina bhfuil institiúid faoi réir méid athchaipitliúcháin cothrom le nialas agus nach ndéantar an méid ionsúcháin cailteanais a choigeartú, is féidir leis an údarás réitigh tuairisciú simplithe a roghnú agus gan ach an fhaisnéis i gcolúin 0010 go 0080 a thuairisciú.

1. Raon feidhme an fhógra

6. Institiúidí (lena n-áirítear gnólachtaí infheistíochta, faoi mar a shainítear in Airteagal 2(1), pointe (23), de Threoir 2014/59/AE) agus eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) agus (d), de Threoir 2014/59/AE atá faoi réir Airteagal 45(1) den Treoir sin, cé is moite d'institiúidí creidmheasa morgáistí arna maoiniú ag bannaí cumhdaithe atá díolmhaithe ó MREL i gcomhréir le hAirteagal 45a de Threoir 2014/59/AE.

2. Raon feidhme an chomhdhlúthaithe

7. Tuairisceofar na sonraí foluiteacha ar bhonn aonair i ndáil le gach eintiteas laistigh de gach Ballstát, nó ar leibhéal aon cheann de na heintitis seo a leanas:
 - (a) máthairghnóthas an Aontais ar bhonn comhdhlúite, i gcás inarb ionann an imlíne comhdhlúthaithe do mháthairghnóthas an Aontais agus imlíne comhdhlúthaithe an ghrúpa réitigh;
 - (b) i gcás nár b ionann agus pointe (a), i ndáil le gach eintiteas réitigh ar leibhéal comhdhlúite an ghrúpa réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45e de Threoir 2014/59/AE;
 - (c) i gcás inarb infheidhme, le haghaidh máthairghnóthas ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 45f(4) pointe (b), de Threoir 2014/59/AE nó an tríd fomhír d'Airteagal 45f(1) den Treoir sin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sársa Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

3. Spriocdháta le haghaidh tíolacadh

8. Déanfaidh na húdaráis réitigh an fhaisnéis a thraschur le haghaidh an MREL is infheidhme an 1 Bealtaine gach bliain faoin 31 Bealtaine sa bhliain chéanna.

CUID II

TREORACHA A BHAINNEANN LE TEIMPLÉID

4. M 20.00 – Tuairisciú maidir le cinní MREL

4.1. Treoracha a bhaineann le colúin shonracha

Colún	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><u>CÓD EINTITIS</u></p> <p>Cód an eintitis ar dó a rinneadh an cinneadh maidir le MREL. I dtaca le hinstitiúidí, is é an cód aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) alfa-uimhriúil, ina bhfuil 20 digit, an cód a úsáidfeá. I dtaca le heintitis eile, is é an cód alfa-uimhriúil LEI ina bhfuil 20 digit, an cód a úsáidfeá, nó, i gcás nach bhfuil sin ar fáil, cód faoi chódú aonfhoirmeach atá infheidhme san Aontas, nó, i gcás nach bhfuil sin ar fáil, cód náisiúnta a úsáid.</p> <p>Beidh an cód comhsheasmhach leis an gcód arna thuirisciú le haghaidh na hinstitiúide céanna faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún ⁽²⁾. Beidh luach ag an gcód i gcónaí. Beidh an cód sin ina aitheantóir aonair le haghaidh gach colúin don eintiteas ábhartha.</p>
0020	<p><u>CINEÁL CÓID</u></p> <p>Déanfaidh an t-údarás tuairiscithe an cineál cóid a thuiriscítear i gcolún 0010 a aithint mar “cód LEI” nó mar “cód neamh-LEI” é. Tuairisceofar an cineál cóid i gcónaí.</p>
0030	<p><u>CÓD EINTITIS RÉITIGH</u></p> <p>Cód an eintitis réitigh a mbaineann an t-eintiteas leis. Is é an cód céanna sin a bheidh ann agus a bheidh i gcolún 0010 más amhlaidh gur cinneadh grúpa an cinneadh a thuiriscítear. I dtaca le hinstitiúidí, is é an cód alfa-uimhriúil LEI, ina bhfuil 20 digit, an cód a úsáidfeá. I dtaca le heintitis eile, is é an cód alfa-uimhriúil LEI ina bhfuil 20 digit, an cód a úsáidfeá, nó, i gcás nach bhfuil sin ar fáil, cód faoi chódú aonfhoirmeach atá infheidhme san Aontas, nó, i gcás nach bhfuil sin ar fáil, cód náisiúnta a úsáid.</p> <p>Beidh an cód comhsheasmhach leis an gcód arna thuirisciú le haghaidh na hinstitiúide céanna faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624.</p>
0040	<p><u>CINEÁL CÓID</u></p> <p>Déanfaidh an t-údarás tuairiscithe an cineál cóid a thuiriscítear i gcolún 0030 a aithint mar “cód LEI” nó mar “cód neamh-LEI” é. Tuairisceofar an cineál cóid i gcónaí.</p>
0050	<p><u>IMLÍNE CHOMHDHLÚTHAITHE</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ar MREL ag ceann amháin de na himlínte comhdhlúthaithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) grúpa réitigh; (b) arna chomhdhlúthú ar leibhéal an mháthairghnóthais i gcomhréir le hAirteagal 45f(4), pointe (b), nó i gcomhréir leis an tríú fómhír d’Airteagal 45f(1) de Threoir 2014/59/AE; (c) ar bhonn aonair.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha agus teimpléid chaighdeánacha le haghaidh soláthair faisnéise chun críocha pleananna réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1066 ón gCoimisiún (IO L 277, 7.11.2018, lch. 1).

0060	<p><u>CINEÁL INSTITIÚIDE</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ceann díobh seo a leanas:</p> <p>(a) institiúid a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda léi (G-SII) faoi mar a shainítear in Airteagal 4(1), pointe (133), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾;</p> <p>(b) eintiteas réitigh dá dtagraítear in Airteagal 45c(5) de Threoir 2014/59/AE ar cuid de ghrúpa réitigh é a bhfuil sócmhainní iomlána aige thar EUR 100 billiún ar leibhéal an ghrúpa réitigh;</p> <p>(c) eintiteas réitigh dá dtagraítear in Airteagal 45c(6) de Threoir 2014/59/AE ar cuid de ghrúpa réitigh é a bhfuil sócmhainní faoi bhun EUR 100 billiún aige agus ar mheas an t-údarás réitigh faoi gur dócha, go réasúnach, go mbeidh riosca sistéimeach ag baint leis sa chás go gcliseann air;</p> <p>(d) institiúid creidmheasa eile;</p> <p>(e) gnólacht infheistíochta;</p> <p>(f) aon eintiteas eile dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), de Threoir 2014/59/AE.</p>
0070	<p><u>INMHEÁNACH NÓ SEACHTRACH</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ceann díobh seo a leanas:</p> <p>(a) inmheánach: MREL á chur i bhfeidhm maidir le heintitis nach eintitis réitigh iad de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE nó eintitis réitigh dá dtagraítear sa cheathrú fómhír d'Airteagal 45f(1) den Treoir sin nach bhfuil faoi réir Airteagal 45e(3) den Treoir sin.</p> <p>(b) seachtrach: MREL á chur i bhfeidhm maidir le heintitis ar eintitis réitigh iad de bhun Airteagal 45e de Threoir 2014/59/AE.</p>
0080	<p><u>TUAIRISCIÚ SIMPLITHE</u></p> <p>Cuirfidh údaráis tuairiscithe in iúl cé acu atá tuairisciú simplithe le haghaidh institiúidí ina bhfuil an méid athchaipitliúcháin cothrom le nialas agus nach ndearnadh aon choigeartú ar an méid ionsúcháin caillteanais á chur i bhfeidhm, nó nach bhfuil:</p> <p>— Tá</p> <p>— Níl</p>
0090	<p><u>TARSCAOILEADH</u></p> <p>Cuirfidh údaráis tuairiscithe in iúl cé acu ar deonaíodh an tarscaoileadh ar bhonn ceann amháin d'fhorálacha Threoir 2014/59/AE seo a leanas nó nár deonaíodh aon tarscaoileadh:</p> <p>(a) Airteagal 45f(3);</p> <p>(b) Airteagal 45f(4);</p> <p>(c) Airteagal 45g;</p> <p>(d) Gan tarscaoileadh.</p>
0100	<p><u>CÚIS AN TARSCAOILTE</u></p> <p>I gcás inar tuairiscíodh rogha seachas “Níl” i gcolún 0090, déanfaidh údaráis tuairiscithe tuairisc ar an gcúis leis an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm.</p>
0110-0150	<p><u>STRAITÉIS AGUS UIRLISÍ RÉITIGH</u></p>
0110	<p><u>STRAITÉIS RÉITIGH</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ceann díobh seo a leanas:</p> <p>(a) dul isteach pointe aonair;</p> <p>(b) dul isteach ilphointe;</p> <p>(c) leachtú.</p>

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

0120	<p><u>PRÍOMHUIRLIS RÉITIGH (STRAITÉIS THOSAÍOCHTA)</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ceann díobh seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) tarrtháil inmheánach bainc oscailte; (b) droichead-institiúid; (c) deighilt sócmhainní; (d) díol gnó; (e) Neamhbhainteach. <p>I gcás inar tuairiscíodh “leachtú” i gcolún 0110, tuairisceofar Neamhbhainteach i gcolún 0120.</p>
00130	<p><u>UIRLIS THÁNAISTEACH RÉITIGH (STRAITÉIS THOSAÍOCHTA)</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ceann díobh seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) tarrtháil inmheánach bainc oscailte; (b) droichead-institiúid; (c) deighilt sócmhainní; (d) díol gnó; (e) Neamhbhainteach. <p>I gcás inar tuairiscíodh “leachtú” i gcolún 0110 nó i gcás nár leagadh amach aon straitéis mhalartach eile, tuairisceofar Neamhbhainteach sa cholún seo.</p>
0140	<p><u>PRÍOMHUIRLIS RÉITIGH (STRAITÉIS MHALARTACH)</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ceann díobh seo a leanas (i gcás inarb infheidhme):</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) tarrtháil inmheánach bainc oscailte; (b) droichead-institiúid; (c) deighilt sócmhainní; (d) díol gnó; (e) Neamhbhainteach. <p>I gcás inar tuairiscíodh “leachtú” i gcolún 0110, tuairisceofar Neamhbhainteach sa cholún seo.</p>
0150	<p><u>UIRLIS THÁNAISTEACH RÉITIGH (STRAITÉIS MHALARTACH)</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe ceann díobh seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) tarrtháil inmheánach bainc oscailte; (b) droichead-institiúid; (c) deighilt sócmhainní; (d) díol gnó; (e) Neamhbhainteach. <p>I gcás inar tuairiscíodh “leachtú” i gcolún 0110 nó i gcás nár leagadh amach aon straitéis mhalartach eile, tuairisceofar Neamhbhainteach sa cholún seo.</p>
0160-0190	<p><u>CEANGLAS CISTÍ DÍLSE BREISE AGUS CEANGLAS MAOLÁIN COMHCHEANGAILTE</u></p> <p>An fhaisnéis faoin gceanglas maidir le cistí dílse breise de bhun Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) arna húsáid mar ionchur chun MREL a chalabhrú, beidh sí bunaithe ar na ceanglais is déanaí atá ar fáil maidir le cistí dílse agus a chuireann an t-údarás inniúil in iúl an tráth a dhéantar MREL a chalabhrú.</p>

(*) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnóilachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

0160	<p><u>DÁTA TAGARTHA</u></p> <p>An dáta ar chuir an t-údarás inniúil na ceanglais cistí dílse breise agus ceanglas maoláin comhcheangailte in iúl don institiúid.</p>
0170	<p><u>CEANGLAS MAR CHÉATADÁN DE MHÉID NA RISÍOCHTA IOMLÁINE AR PHRIACAL (TREA)</u></p> <p>Ceanglas cistí dílse breise de bhun Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE a úsáidtear chun MREL a chalabhrú nó de réir mar a measadh i gcomhréir le caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh faoi Airteagal 45c(4) de Threoir 2014/59/AE.</p>
0180	<p><u>CEANGLAS MAOLÁIN COMHCHEANGAILTE</u></p> <p>Ceanglas maoláin comhcheangailte dá dtagraítear in Airteagal 128(1), pointe (6), de Threoir 2013/36/AE. Is é méid na gcistí dílse is gá chun na ceanglais maoláin chaipitil faoi seach a chomhlíonadh an méid a thuairisceofar nó faoi mar atá measta i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh faoi Airteagal 45c(4) de Threoir 2014/59/AE.</p>
0190	<p><u>INA MEASC: CAIPITEAL MAOLÁNACH FRITH-THIMTHRIALLACH</u></p> <p>Airteagal 128, pointe (2), Airteagal 130 agus Airteagail 135 go 140 de Threoir 2013/36/AE. Is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar, méid na gcistí dílse a theastaíonn chun na ceanglais maidir le caipiteal maolánach faoi seach a chomhlíonadh a úsáidtear chun MREL a chalabhrú.</p>
0200-0260	<p><u>SONRAÍ AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE A ÚSÁIDTEAR CHUN MREL A CHALABRÚ</u></p>
0200	<p><u>DÁTA TAGARTHA</u></p> <p>Dáta tagartha na sonraí arna dtuairisciú i gcolúin 0210 go 0260.</p>
0210-0230	<p><u>ROIMH AN RÉITEACH</u></p> <p>Sonraí an chláir chomhardaithe a úsáidtear chun MREL a chalabhrú roimh an réiteach.</p>
0240-0260	<p><u>TAR ÉIS AN RÉITIGH</u></p> <p>Sonraí an chláir chomhardaithe a úsáidtear chun MREL a chalabhrú tar éis an réitigh.</p>
0210, 0240	<p><u>TREA</u></p> <p>Méid na risíochta iomláine ar phriacal i gcomhréir le hAirteagal 45(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE agus le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0220, 0250	<p><u>IOMLÁN NA nDLITEANAS AGUS NA gCISTÍ DÍLSE (TLOF)</u></p> <p>Suim iomlán dhliteanais agus chistí dílse uile an eintitis tuairiscithe. Maidir le díorthaigh, is éard a bheidh sa luach atá le húsáid suim na nglansuíomhanna dliteanais, agus rialacha glanluachála stuamachta á gcur san áireamh.</p> <p>Comhfhreagraíonn an ítim seo don fhaisnéis arna tuairisciú i ró 0600 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624.</p>
0230, 0260	<p><u>TOMHAS RISÍOCHTA IOMLÁINE (TEM)</u></p> <p>Tomhas risíochta iomláine i gcomhréir le hAirteagal 45(2), pointe (b) de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 429(4) agus le hAirteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0270-0380	<p><u>CINNEADH MAIDIR LE MREL</u></p>
0270	<p><u>DÁTA AN CHINNTE</u></p> <p>An dáta ar ar chinn an t-údarás réitigh MREL nó ar ghlac sé cinneadh maidir le tarscaoileadh.</p>
0280	<p><u>DÁTA AN CHOMHLÍONTA</u></p> <p>An dáta óna ndéanfaidh an institiúid cinneadh MREL nó an cinneadh maidir le tarscaoileadh a chomhlíonadh.</p>
0290	<p><u>CEANGLAS MAR CHÉATADÁN DE TREA</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdarás tuairiscithe MREL arna shloinneadh mar chéatadán de TREA arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>

0300	<p><u>INA MEASC: FÉADFAR É A CHOMHLÍONADH LE RÁTHAÍOCHTAÍ</u></p> <p>An chuid den cheanglas a thuairiscítear i gcolún 0290 ach cead a fháil ón údarás réitigh ábhartha, féadfar í a chomhlíonadh trí ráthaíocht a chuirfidh an t-eintiteas réitigh ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE, a shloinntear mar chéatadán de TREA arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0310	<p><u>CEANGLAS MAR CHÉATADÁN DE TEM</u></p> <p>MREL an eintitis arna shloinneadh mar chéatadán de TEM arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0320	<p><u>INA MEASC: FÉADFAR É A CHOMHLÍONADH LE RÁTHAÍOCHTAÍ</u></p> <p>An chuid den cheanglas a thuairiscítear i gcolún 0310 féadfar í a chomhlíonadh trí ráthaíocht a chuirfidh an t-eintiteas réitigh ar fáil ach cead a fháil ón údarás réitigh ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE, a shloinntear mar chéatadán de TREA arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0330-0340	<p><u>FO-ORDÚ IOMLÁN MAR CHÉATADÁN DE TREA</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe leibhéil na gceanglas fo-ordúcháin arna sloinneadh mar chéatadán de TREA (100 % do MREL inmheánach).</p>
0350-0360	<p><u>FO-ORDÚ IOMLÁN MAR CHÉATADÁN DE TEM</u></p> <p>Tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe leibhéil na gceanglas fo-ordúcháin arna sloinneadh mar chéatadán de TEM (100 % do MREL inmheánach).</p>
0330, 0350	<p><u>CEANGLAS FO-ORDÚCHÁIN ÉIGEANTACH</u></p> <p>Déanfaidh na húdaráis tuairiscithe leibhéil na gceanglas fo-ordúcháin a thuairiscíú i gcomhréir le hAirteagal 45c, míreanna (5) agus (6) agus Airteagal 45d(2), pointe (a), de Threoir 2014/59/AE, lena n-áirítear aon tionchar ó chur i bhfeidhm Airteagal 45b(4) de Threoir 2014/59/AE.</p>
0340, 0360	<p><u>CEANGLAS LÁNROGHNACH FO-ORDÚCHÁIN</u></p> <p>Déanfaidh na húdaráis tuairiscithe leibhéil na gceanglas fo-ordúcháin a thuairiscíú i gcomhréir le hAirteagal 45b, míreanna (5) nó (7) de Threoir 2014/59/AE.</p>
0370	<p><u>LAMHÁLTAS FIACHAIS SHINSEARAIGH</u></p> <p>I gcás G-SIIInna, tuairisceoidh na húdaráis tuairiscithe an sciar dliteanas a bhfuil cead acu cáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe go dtí méid comhiomlán nach mó ná 3,5 % de TREA arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92, míreanna (3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0380	<p><u>LAMHÁLTAS DE MINIMIS</u></p> <p>Maidir le G-SIIInna, déanfaidh údaráis tuairiscithe sciar na ndlíteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus is ceadmhach a rangú faoi dhócmhainneacht <i>pari passu</i> nó faoi bhun dhliteanais incháilithe na hinstitiúide i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) de Rialachán(AE) Uimh. 575/2013.</p>
0390-0480	<p><u>COIGEARTUITHE</u></p>
0390-0400	<p><u>COIGEARTUITHE CHUN AN MÉID IONSÚCHÁIN CAILLTEANAIS A CHALABRÚ MAR CHÉATADÁN DE TREA AGUS TEM</u></p> <p>Coigeartuithe ar an méid ionsúcháin cailteanais de bhun an dara fomhír d'Airteagal 45c(2) de Threoir 2014/59/AE arna sloinneadh mar chéatadán de TREA agus TEM.</p>
0410-0460	<p><u>COIGEARTUITHE CHUN AN MÉID ATHCHAIPITLIÚCHÁIN A CHALABRÚ MAR CHÉATADÁN DE TREA</u></p> <p>Coigeartuithe ar an méid athchaipitliúcháin de bhun Airteagal 45c(3), an chéad fomhír, pointe (a)(ii) nó Airteagal 45c(7), an chéad fomhír, pointe (a)(ii), de Threoir 2014/59/AE arna sloinneadh mar chéatadán de TREA.</p>

0410-0420	<p><u>COIGEARTUITHE AR AN gCEANGLAS CISTÍ DÍLSE BREISE</u></p> <p>Ionchur ar aon choigeartú ar cheanglas cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE de bhun Airteagal 45c(3), an cúigiú fómhír, pointe (b), nó Airteagal 45c(7), an cúigiú fómhír, pointe (b) de Threoir 2014/59/AE.</p>
0430-0440	<p><u>COIGEARTUITHE A BHAINNEANN LEIS AN MAOLÁN MUINÍNE MARGAIDH</u></p> <p>Coigeartuithe de bhun an séú fómhír d'Airteagal 45c(3), nó de bhun Airteagal 45c(7), an séú fómhír, de Threoir 2014/59/AE.</p>
0450-0460	<p><u>COIGEARTUITHE ATÁ MAR THORADH AR AN ATHRÚ AR AN gCLÁR COMHARDAITHE TAR ÉIS AN RÉITIGH</u></p> <p>Coigeartuithe de bhun Airteagal 45c(3), an cúigiú fómhír, pointe (a), nó 45c(7), an cúigiú fómhír, pointe (a), de Threoir 2014/59/AE.</p>
0470-0480	<p><u>COIGEARTUITHE CHUN AN MÉID ATHCHAIPTLIÚCHÁIN A CHALABRÚ MAR CHÉATADÁN DE TEM</u></p> <p>Coigeartuithe ar an méid athchaitliúcháin mar thoradh ar athruithe sa chlár comhardaithe tar éis an réitigh de bhun Airteagal 45c(3), an chéad fhomhír, pointe (b)(ii) nó Airteagal 45c(7), an chéad fhomhír, pointe (b)(ii), de Threoir 2014/59/AE arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid na risíochta iomláine.</p>
0410 0430 0450 0470	<u>SUAS</u>
0420 0440 0460 0480	<u>SÍOS</u>
0490-0540	<p><u>IDIRTHRÉIMHSE</u></p> <p>Léireoidh na húdaráis tuairiscithe aon sprioc idirmheánach a d'fhéadfadh a bheith socraithe acu le haghaidh na mblianta tar éis an dáta tuairiscithe. Déanfar an sprioc a shloinneadh mar chéatadán de TREA agus mar chéatadán de TEM araon.</p>
0490, 0520	<p><u>LEIBHÉAL MREL</u></p> <p>Léireoidh na húdaráis tuairiscithe leibhéal iomlán MREL a chomhlíonfaidh na hinstiúidí ar an dáta idirmheánach.</p>
0500, 0530	<p><u>FO-ORDÚ</u></p> <p>Tabharfaidh na húdaráis tuairiscithe le fios an leibhéal fo-ordaithe iomlán a chomhlíonfaidh na hinstiúidí ar an dáta idirmheánach.</p>
0510, 0540	<p><u>DÁTA CHUR I bhFEIDHM</u></p> <p>Léireoidh na húdaráis tuairiscithe dátaí aistrithe na conaire i dtreo MREL a chomhlíonadh.</p>

IARSCRÍBHINN III

Samhail Pointe Sonraí Aonair agus Rialacha maidir le Bailíochtú

CUID A hAON

Samhail Pointe Sonraí Aonair

Na hítimí sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II, déanfar samhail pointe sonraí aonair díobh, ar bunús é le haghaidh chórais aonfhoirmeacha TF na n-údarás réitigh.

Leis an tsamhail pointe sonraí aonair, comhlíonfar na critéir seo a leanas:

- (a) soláthrófar ionadaíocht struchtúrtha ar na hítimí sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II;
- (b) sainaitheofar na coincheapa gnó go léir a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II;
- (c) soláthrófar foclóir sonraí lena sainaitheofar lipéid táblaí, lipéid ordanáide, lipéid aise, lipéid fearann, lipéid toisí agus lipéid ball;
- (d) déanfar méadrachtaí a sholáthar lena saineofar an mhaoín nó líon na bpointí sonraí;
- (e) soláthrófar sainmhínte ar phointe sonraí a shloinnfear mar chomhdhéanamh de na saintréithe lena sainaitheofar an coincheap airgeadais gan aon débhrí;
- (f) beidh na sonraíochtaí teicniúla ábhartha go léir is gá ann chun réitigh tuairiscithe TF a fhorbairt lena soláthrófar tuairisciú maidir le réiteach aonfhoirmeach.

CUID A DÓ

Rialacha maidir le Bailíochtú

Na hítimí a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II, beidh siad faoi réir rialacha maidir le bailíochtú lena n-áiríteofar cáilíocht agus comhsheasmhacht sonraí.

Leis na rialacha maidir le bailíochtú, comhlíonfar na critéir seo a leanas:

- (a) cinnfear na caidrimh loighciúla idir pointí sonraí ábhartha;
 - (b) beidh scagairí agus réamhchoinníollacha iontu lena gcinneofar tacar sonraí a mbeidh feidhm ag riail bhailíochtúcháin maidir leis;
 - (c) seiceálfar comhsheasmhacht na sonraí tuairiscithe;
 - (d) seiceálfar cruinneas na sonraí tuairiscithe;
 - (e) leagfar síos luachanna réamhshocraithe a chuirfear i bhfeidhm i gcás nár tuairiscíodh an fhaisnéis ábhartha.
-

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/623 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Aibreán 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta. D'fhéadfadh sé cur isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.
- (2) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear creat reachtach nua chun galair a chosc agus a rialú, atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó go daoine. Tagann fiabhras Afracach na muc faoin sainmhíniú ar ghalair liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann.
- (3) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún ⁽²⁾ faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos ann bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, sna criosanna srianta a liostaítear san Iarscríbhinn sin. Na limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, tá siad bunaithe ar an staid eipidéimeolaíoch a bhain le fiabhras Afracach na muc san Aontas ag an am roimh phróiseas glactha an ghnímh sin. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429 agus ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 araon ón 21 Aibreán 2021.
- (4) Tá staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas dinimiciúil agus bíonn sí ag síorathrú. Dá thoradh sin, tá athrú tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas maidir leis an ngalar sin ón tréimhse roimh ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Dá réir sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú ionas go mbeidh na limistéir a liostaítear inti mar chriosanna srianta I, II agus III ina léiriú ar staid eipidéimeolaíoch reatha an ghalair sin san Aontas.
- (5) Ina theannta sin, i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE ón gCoimisiún ⁽³⁾, leagtar síos bearta rialaithe sláinte ainmhithe i ndáil le fiabhras Afracach na muc sna Ballstáit nó i limistéir díobh a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, agus beidh feidhm aige go dtí an 21 Aibreán 2021. Rinneadh an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú go deireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/544 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, mar gheall ar athruithe a tháinig le déanaí ar an staid eipidéimeolaíoch maidir leis an ngalar sin san Aontas. Dá réir sin, léirítear staid eipidéimeolaíoch reatha fhiabhras Afracach na muc san Aontas san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE, arna leasú le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/544.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc (IO L 129 ... 1).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2014 i dtaca le bearta rialaithe sláinte ainmhithe maidir le fiabhras Afracach na muc i mBallstáit áirithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/178/AE (IO L 295, 11.10.2014, lch. 63).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/544 ón gCoimisiún an 25 Márta 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE i dtaca le bearta rialaithe sláinte ainmhithe maidir le fiabhras Afracach na muc i mBallstáit áirithe (IO L 110, 30.3.2021, lch. 1).

- (6) Dá bhrí sin, criosanna srianta I, II agus III a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta chun na limistéar a liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE, arna leasú le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/544, a chur san áireamh. Tá sé sin riachtanach freisin ar mhaithe le leanúnachas agus comhsheasmhacht tar éis dhul in éag Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/709/AE, agus le tús chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 a leasú chun staid eipidéimeolaíoch reatha fhiabhras Afracach na muc san Aontas a chur san áireamh agus chun na rioscaí a bhaineann le leathadh an ghalair sin a chomhrac ar bhealach réamhghníomhach trí aistriú rianúil a áirithiú chuig an gcreat reachtach nua is infheidhme ón 21 Aibreán 2021.
- (8) I bhfianaise phráinne na staide eipidéimeolaíche san Aontas maidir le leathadh fhiabhras Afracach na muc agus ag cur san áireamh go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm ón dáta sin amach a bheith ag na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605.
- (9) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605:

"IARSCRÍBHINN I

CRIOSANNA SRIANTA

CUID I

1. An Ghearmáin

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Ghearmáin:

Bundesland Brandenburg:

— Landkreis Dahme-Spreewald:

— Gemeinde Alt Zauche-Wußwerk,

— Gemeinde Byhleguhre-Byhlen,

— Gemeinde Märkische Heide, mit den Gemarkungen Alt Schadow, Neu Schadow, Pretschen, Plattkow, Wittmannsdorf, Schuhlen-Wiese, Bückchen, Kuschkow, Gröditsch, Groß Leuthen, Leibchel, Glietz, Groß Leine, Dollgen, Krugau, Dürrenhofe, Biebersdorf und Klein Leine,

— Gemeinde Neu Zauche,

— Gemeinde Schwielochsee mit den Gemarkungen Groß Liebitz, Guhlen, Mochow und Siegadel,

— Gemeinde Spreewaldheide,

— Gemeinde Straupitz,

— Landkreis Märkisch-Oderland:

— Gemeinde Lietzen,

— Gemeinde Falkenhagen (Mark),

— Gemeinde Zeschdorf,

— Gemeinde Treplin,

— Gemeinde Fichtenhöhe mit den Gemarkungen Niederjesar, Alt Mahlisch und Carzig – westlich der B 167,

— Gemeinde Lindendorf mit den Gemarkungen Neu Mahlisch, Libbenichen und Dolgeln – westlich der B 167,

— Gemeinde Müncheberg mit den Gemarkungen Müncheberg, Eggersdorf bei Müncheberg und Hoppegarten bei Müncheberg,

— Gemeinde Neulewin,

— Gemeinde Bliesdorf mit den Gemarkungen Kunersdorf und Bliesdorf,

— Gemeinde Neutrebbin mit den Gemarkungen Neutrebbin und Alttrebbin westlich der L 34 und Altelewin westlich und nordöstlich der L 33,

— Gemeinde Märkische Höhe mit den Gemarkungen Reichenberg und Batzlow,

— Gemeinde Wriezen mit den Gemarkungen Haselberg, Frankenfelde, Schulzendorf, Lüdersdorf, Biesdorf, Rathsdorf, Wriezen, Altwriezen, Beaugard, Eichwerder und Jäckelsbruch,

— Gemeinde Oderaue mit den Gemarkungen Neuranft, Neuküstrinchen, Neurüdnitz, Altwustrow, Neuwustrow und Zäckericker Loose, Altreetz, Altmädewitz und Neumädewitz,

— Gemeinde Buckow (Märkische Schweiz),

— Gemeinde Strausberg mit den Gemarkungen Hohenstein und Ruhlsdorf,

- Gemeinde Garzau-Garzin,
- Gemeinde Waldsiefersdorf,
- Gemeinde Rehfelde mit der Gemarkung Werder,
- Gemeinde Reichenow-Mögelin,
- Gemeinde Prötzel mit den Gemarkungen Harnekop, Sternebeck und Prötzel östlich der B 168 und der L35,
- Gemeinde Oberbarnim.
- Landkreis Oder-Spree:
 - Gemeinde Storkow (Mark),
 - Gemeinde Wendisch Rietz,
 - Gemeinde Reichenwalde,
 - Gemeinde Diensdorf-Radlow,
 - Gemeinde Bad Saarow,
 - Gemeinde Rietz-Neuendorf mit den Gemarkungen Buckow, Glienicke, Behrensdorf, Ahrensdorf, Herzberg, Görzig, Pfaffendorf, Sauen, Wilmersdorf (G), Neubrück, Drahendorf, Alt Golm,
 - Gemeinde Tauche mit den Gemarkungen Briescht, Kossenblatt, Werder, Görsdorf (B), Giesendorf, Wulfersdorf, Falkenberg (T), Lindenberg,
 - Gemeinde Steinhöfel mit den Gemarkungen Demnitz, Steinhöfel, Hasenfelde, Ahrensdorf, Heinersdorf, Tempelberg,
 - Gemeinde Langewahl,
 - Gemeinde Berkenbrück,
 - Gemeinde Briesen (Mark),
 - Gemeinde Jacobsdorf,
- Landkreis Spree-Neiße:
 - Gemeinde Jänschwalde,
 - Gemeinde Peitz,
 - Gemeinde Tauer,
 - Gemeinde Turnow-Preilack,
 - Gemeinde Drachhausen,
 - Gemeinde Schmogrow-Fehrow,
 - Gemeinde Drehnow,
 - Gemeinde Guben mit der Gemarkung Schlagsdorf,
 - Gemeinde Schenkendöbern mit den Gemarkungen Grabko, Kerkwitz, Groß Gastrose,
 - Gemeinde Teichland,
 - Gemeinde Dissen-Striesow,
 - Gemeinde Heinersbrück,
 - Gemeinde Briesen,
 - Gemeinde Forst mit den Gemarkungen Briesnig, Weißagk, Bohrau, Naundorf, Mulknitz, Klein Jamno, Forst (Lausitz) und Groß Jamno,
 - Gemeinde Wiesengrund,
 - Gemeinde Groß Schacksdorf-Simmersdorf mit der Gemarkung Simmersdorf,
 - Gemeinde Neiße-Malxetal mit den Gemarkungen Jocksdorf, Klein Kölzig und Groß Kölzig,

- Gemeinde Tschernitz mit der Gemarkung Wolfshain,
- Gemeinde Felixsee,
- Gemeinde Spremberg mit den Gemarkungen Lieskau, Schönheide, Graustein, Türkendorf, Groß Luja, Wadelsdorf, Hornow, Sellessen, Spremberg, Bühlow,
- Gemeinde Neuhausen/Spree mit den Gemarkungen Kathlow, Haasow, Sergen, Roggosen, Gablenz, Komptendorf, Laubsdorf, Koppatz, Neuhausen, Drieschnitz, Kahsel, Bagenz,
- Stadt Cottbus mit den Gemarkungen Dissenchen, Döbbrick, Merzdorf, Saspow, Schmellwitz, Sielow, Willmersdorf.

Bundesland Sachsen:

- Landkreis Bautzen
 - Gemeinde Großdubrau: Ortsteile Commerau, Göbeln, Jetscheba, Kauppa, Särchen, Spreewiese,
 - Gemeinde Hochkirch: Ortsteile Kohlwesa, Niethen, Rodewitz, Wawitz, Zschorna,
 - Gemeinde Königswartha: Ortsteil Oppitz,
 - Gemeinde Lohsa: Ortsteile Dreiweibern, Driewitz, Friedersdorf, Hermsdorf/Spree, Lippen, Litschen, Lohsa, Riegel, Tiegling, Weißkollm,
 - Gemeinde Malschwitz: Ortsteile Baruth, Brießnitz, Brösa, Buchwalde, Cannewitz, Dubrau, Gleina, Guttau, Halbendorf/Spree, Kleinsaubernitz, Lieske, Lömischau, Neudorf/Spree, Preititz, Rackel, Ruhethal, Wartha,
 - Gemeinde Radibor: Ortsteile Droben, Lippitsch, Milkel, Teicha, Wessel,
 - Gemeinde Spreetal,
 - Gemeinde Weißenberg.
- Landkreis Görlitz:
 - Gemeinde Boxberg/O.L., sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Görlitz südlich der Bundesautobahn A4 mit den Ortsteilen Biesnitz, Deutsch Ossig, Historische Altstadt, Innenstadt, Klein Neundorf, Klingewalde, Königshufen, Kunnerwitz, Ludwigsdorf, Nikolaivorstadt, Rauschwalde, Schlauroth, Südstadt, Weinhübel,
 - Gemeinde Groß Düben, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Hohendubrau, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Kodersdorf, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Königshain,
 - Gemeinde Löbau: Ortsteile Altzunnewitz, Bellwitz, Dolgowitz, Glossen, Kittlitz, Kleinradmeritz, Krappe, Lautitz, Mauschwitz, Neuczunnewitz, Neukittlitz, Oppeln, Rosenhain,
 - Gemeinde Markersdorf: Ortsteile Holtendorf, Markersdorf, Pfaffendorf,
 - Gemeinde Mücka, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Reichenbach/O.L.: Ortsteile Biesig, Borda, Dittmannsdorf, Feldhäuser, Goßwitz, Krobnitz, Lehnhäuser, Löbensmüh, Mengelsdorf, Meuselwitz, Oehlich, Stadt Reichenbach/O.L., Reißaus, Schöps, Zoblitz,
 - Gemeinde Schleife, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Schöpstal, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Trebendorf, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Vierkirchen, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Waldhufen, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
 - Gemeinde Weißwasser/O.L., sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes.

2. An Eastóin

Na criosanna srianta I seo a leanas san Eastóin:

— Hiiu maakond.

3. An Ghréig

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Ghréig:

— in aonad réigiúnach Drama:

— ranna pobail Sidironero agus Skaloti agus ranna bardasacha Livadero agus Ksiropotamo (i mbardasacht Drama),

— roinn bhardasach Paranesti (i mbardasacht Paranesti),

— ranna bardasacha Kokkinogeia, Mikropoli, Panorama, Pyrgoi (i mbardasacht Prosotsani),

— ranna bardasacha Kato Nevrokopi, Chrysokefalo, Achladea, Vathytopos, Volakas, Granitis, Dasotos, Eksohi, Katafyto, Lefkogeia, Mikrokleisoura, Mikromilea, Ochyro, Pagoneri, Perithorio, Kato Vrontou agus Potamoi (i mbardasacht Kato Nevrokokopi),

— aonad réigiúnach Xanthi:

— ranna bardasacha Kimmerion, Stavroupoli, Gerakas, Dafnonas, Komnina, Kariofyto agus Neochori (i mbardasacht Xanthi),

— ranna pobail Satres, Thermes, Kotyli, agus ranna bardasacha Myki, Echinós agus Oraio agus (i mbardasacht Myki),

— roinn phobail Selero agus roinn bhardasach Sounio (i mbardasacht Avdira),

— in aonad réigiúnach Rodopi:

— ranna bardasacha Komotini, Anthochorio, Gratini, Thrylorio, Kalhas, Karydia, Kikidio, Kosmio, Pandrosos, Aigeiros, Kallisti, Meleti, Neo Sidirochori agus Mega Doukato (i mbardasacht Komotini),

— ranna bardasacha ipio, Arriana, Darmeni, Archontika, Fillyra, Ano Drosini, Aratos agus Ranna Pobail Kehros agus Organi (i mbardasacht Arriana),

— ranna bardasacha Iasmos, Sostis, Asomatoi, Polyanthos agus Amvrosia agus roinn phobail Amaxades (i mbardasacht Iasmos),

— roinn bhardasach Amaranta (i mbardasacht Maroneia Sapon),

— in aonad réigiúnach Evros:

— ranna bardasacha Kyriaki, Mandra, Mavroklisi, Mikro Dereio, Protokklisi, Roussa, Goniko, Geriko, Sidirochori, Megalo Derio, Sidiro, Giannouli, Agriani agus Petrolofos (i mbardasacht Soufli),

— ranna bardasacha Dikaia, Arzos, Elaia, Therapio, Komara, Marasia, Ormenio, Pentalofofos, Petrota, Plati, Ptelea, Kyprinos, Zoni, Fulakio, Spilaio, Nea Vyssa, Kavili, Kastanies, Rizia, Sterna, Ampelakia, Valtos, Megali Doxipara, Neochori agus Chandras (i mbardasacht Orestiada),

— ranna bardasacha Asvestades, Ellinochori, Karoti, Koufovouno, Kiani, Mani, Sitochori, Alepochori, Asproneri, Metaxades, Vrysika, Doksa, Elafoxori, Ladi, Paliouri agus Poimeniko (i mbardasacht Didymoteixo),

— in aonad réigiúnach Serres:

— ranna bardasacha Kerkini, Livadia, Makrynitsa, Neochori, Platanakia, Petritsi, Akritochori, Vyroneia, Gonimo, Mandraki, Megalochori, Rodopoli, Ano Poroia, Katw Poroia, Sidirokastro, Vamvakophyto, Promahonas, Kamaroto, Strymonochori, Charopo, Kastanousi agus Chortero agus ranna pobail Achladochori, Agkistro agus Kapnophyto (i mbardasacht Sintiki),

- ranna bardasacha Serres, Elaionas agus Oinoussa agus ranna pobail Orini agus Ano Vrontou (i mbardasacht Serres),
- ranna bardasacha Dasochoriou, Irakleia, Valtero, Karperi, Koimisi, Lithotopos, Limnochori, Podismeno agus Chrysochorafa (i mbardasacht Irakleia).

4. An Laitvia

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Laitvia:

- Pāvilostas novada Vērgales pagasts,
- Stopiņu novada daļa, kas atrodas uz rietumiem no autoceļa V36, P4 un P5, Acones ielas, Dauguļupes ielas un Dauguļupītes,
- Grobiņas novada Medzes, Grobiņas un Gaviezes pagasts. Grobiņas pilsēta,
- Rucavas novada Rucavas pagasts,
- Nīcas novads.

5. An Liotuáin

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Liotuáin:

- Klaipėdos rajono savivaldybė: Agluonėnų, Dovilų, Gargždų, Priekulės, Vėžaičių, Kretingalės ir Dauparų-Kvietinių seniūnijos,
- Palangos miesto savivaldybė.

6. An Ungáir

Na criosanna srianta I seo a leanas san Ungáir:

- Békés megye 950950, 950960, 950970, 951950, 952050, 952750, 952850, 952950, 953050, 953150, 953650, 953660, 953750, 953850, 953960, 954250, 954260, 954350, 954450, 954550, 954650, 954750, 954850, 954860, 954950, 955050, 955150, 955250, 955260, 955270, 955350, 955450, 955510, 955650, 955750, 955760, 955850, 955950, 956050, 956060, 956150 és 956160 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,
- Bács-Kiskun megye 600150, 600850, 601550, 601650, 601660, 601750, 601850, 601950, 602050, 603250, 603750 és 603850 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,
- Budapest 1 kódszámú, vadgazdálkodási tevékenységre nem alkalmas területe,
- Csongrád-Csanád megye 800150, 800160, 800250, 802220, 802260, 802310 és 802450 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,
- Fejér megye 400150, 400250, 400351, 400352, 400450, 400550, 401150, 401250, 401350, 402050, 402350, 402360, 402850, 402950, 403050, 403250, 403350, 403450, 403550, 403650, 403750, 403950, 403960, 403970, 404570, 404650, 404750, 404850, 404950, 404960, 405050, 405750, 405850, 405950, 406050, 406150, 406550, 406650 és 406750 kódszámú vadgazdálkodási egységeinek teljes területe,
- Aizputes novada Kalvenes pagasta daļa uz austrumiem no ceļa pie Vārtājas upes līdz autoceļam A9, uz ziemeļiem no autoceļa A9, uz austrumiem no autoceļa V1200, Kazdangas pagasta daļa uz austrumiem no ceļa V1200, P115, P117, V1296,
- Kuldīgas novada, Laidu pagasta daļa uz dienvidiem no autoceļa V1296,
- Skrundas novada Rudbāržu, Nīkrāces pagasts, Raņķu pagasta daļa uz dienvidiem no autoceļa V1272 līdz robežai ar Ventas upi, Skrundas pagasts (izņemot pagasta daļa no Skrundas uz ziemeļiem no autoceļa A9 un austrumiem no Ventas upes), Skrundas pilsēta,
- Vaiņodes novada Embūtes pagasta daļa uz ziemeļiem autoceļa P116, P106.

4. An Liotuáin

Na criosanna srianta III seo a leanas sa Liotuáin:

- Jurbarko rajono savivaldybė: Seredžiaus ir Juodaičių seniūnijos,
- Kauno rajono savivaldybė: Čekiškės seniūnija, Babtų seniūnijos dalis į vakarus nuo kelio A1 ir Vilkijos apylinkių seniūnijos dalis į rytus nuo kelio Nr. 1907,
- Kėdainių rajono savivaldybė: Pernaravos seniūnija ir Josvainių seniūnijos pietvakarinė dalis tarp kelio Nr. 229 ir Nr. 2032,
- Plungės rajono savivaldybė: Alsėdžių, Babrungo, Paukštakių, Platelių ir Žemaičių Kalvarijos seniūnijos,
- Raseinių rajono savivaldybė: Ariogalos ir Ariogalos miesto seniūnijos,
- Skuodo rajono savivaldybės: Barstyčių, Notėnų ir Šačių seniūnijos.

5. An Pholainn

Na criosanna srianta III seo a leanas sa Pholainn:

w województwie warmińsko-mazurskim:

- gminy Kiwity i Lidzbark Warmiński z miastem Lidzbark Warmiński w powiecie lidzbarskim,

— gminy Łukta, Morąg, Miłakowo, część gminy Małdyty położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr S7, część gminy Miłomłyn położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr S7, część gminy wiejskiej Ostróda położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr S7 oraz na północ od drogi nr 16, część miasta Ostróda położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr w powiecie ostródzkim,

— powiat olecki,

— gminy Barczewo, Gietrzwałd, Jonkowo, Dywity, Dobre Miasto, Purda, Stawiguda, Świątki, część gminy Olsztynek położona na północ od linii wyznaczonej przez drogę nr S51 biegnącą od wschodniej granicy gminy do miejscowości Ameryka oraz na wschód od linii wyznaczonej przez drogę biegnącą od skrzyżowania z drogą S51 do północnej granicy gminy, łączącej miejscowości Mańki – Mycyny – Ameryka w powiecie olsztyńskim,

— powiat miejski Olsztyn,

w województwie podlaskim:

— część gminy Bakalarzewo położona na południe od linii wyznaczonej przez drogę 653 biegnącej od zachodniej granicy gminy do skrzyżowania z drogą 1122B oraz na zachód od linii wyznaczonej przez drogę nr 1122B biegnącą od drogi 653 w kierunku południowym do skrzyżowania z drogą 1124B i następnie na południowy - zachód od drogi nr 1124B biegnącej od skrzyżowania z drogą 1122B do granicy z gminą Raczki w powiecie suwalskim,

w województwie mazowieckim:

— gminy Łaskarzew z miastem Łaskarzew, Maciejowice, Sobolew, Trojanów, Żelechów, część gminy Wilga położona na południe od linii wyznaczonej przez rzekę Wilga biegnącą od wschodniej granicy gminy do ujścia do rzeki Wisły, część gminy Górzno położona na południe od linii wyznaczonej przez drogę łączącą miejscowości Łąki i Górzno biegnącą od wschodniej granicy gminy, następnie od miejscowości Górzno na południe od drogi nr 1328W biegnącej do drogi nr 17, a następnie na południe od linii wyznaczonej przez drogę biegnącą od drogi nr 17 do zachodniej granicy gminy przez miejscowości Józefów i Kobyla Wola w powiecie garwolińskim,

— część gminy Iłża położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 9 w powiecie radomskim,

— gmina Kazanów w powiecie zwoleńskim,

— gminy Ciepiałów, Lipsko, Rzecznów i Siemno w powiecie lipskim,

w województwie lubelskim:

— powiat tomaszowski,

— gmina Białopole w powiecie chełmskim,

— gmina Rudnik i część gminy Żółkiewka położona na południe od linii wyznaczonej przez drogę nr 842 w powiecie krasnostawskim,

— gminy Adamów, Grabowiec, Komarów – Osada, Krasnobród, Łabunie, Miączyn, Nielisz, Radecznica, Sułów, Szczepreszyn, Zwierzyniec w powiecie zamojskim,

— powiat biłgorajski,

— powiat hrubieszowski,

— gminy Dzwola i Chrzanów w powiecie janowskim,

— gmina Serokomla w powiecie łukowskim,

— gminy Abramów, Kamionka, Michów, Firlej, Jeziorzany, Kock w powiecie lubartowskim,

— gminy Kłoczew, Stężycza, Ulęż i część gminy Ryki położona na północ od linii wyznaczonej przez linię kolejową w powiecie ryckim,

— gmina Baranów w powiecie puławskim,

w województwie podkarpackim:

— gminy Cieszanów, Horyniec – Zdrój, Narol i Stary Dzików w powiecie lubaczowskim,

— gminy Kuryłówka, Nowa Sarzyna, miasto Leżajsk, część gminy wiejskiej Leżajsk położona na północ od miasta Leżajsk oraz część gminy wiejskiej Leżajsk położona na wschód od linii wyznaczonej przez rzekę San, w powiecie leżajskim,

- gminy Krzeszów, Rudnik nad Sanem, część gminy Harasiuki położona na południe od linii wyznaczonej przez drogę nr 1048 R, część gminy Ulanów położona na południe od linii wyznaczonej przez rzekę Tanew, część gminy Nisko położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 19 oraz na południe od linii wyznaczonej przez linię kolejową biegnącą od wschodniej granicy gminy do skrzyżowania z drogą nr 19, część gminy Jeżowe położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 19 w powiecie niżańskim,
- gminy Chłopice, Jarosław z miastem Jarosław, Laszki, Wiązownica, Pawłosiów, Radymno z miastem Radymno, w powiecie jarosławskim,
- gmina Stubno w powiecie przemyskim,
- część gminy Kamień położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 19 w powiecie rzeszowskim,
- gminy Adamówka, Sieniawa, Tryńcza, miasto Przeworsk, część gminy wiejskiej Przeworsk położona na wschód od miasta Przeworsk i na wschód od linii wyznaczonej przez autostradę A4 biegnącą od granicy z gminą Tryńcza do granicy miasta Przeworsk, część gminy Zarzeczce położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 1594R biegnącą od północnej granicy gminy do miejscowości Zarzeczce oraz na północ od linii wyznaczonej przez drogi nr 1617R oraz 1619R biegnącą do południowej granicy gminy w powiecie przeworskim,

w województwie lubuskim:

- gminy Nowa Sól i miasto Nowa Sól, Otyń oraz część gminy Kozuchów położona na północ od linii wyznaczonej przez drogę nr 283 biegnącą od wschodniej granicy gminy do skrzyżowania z drogą nr 290 i na północ od linii wyznaczonej przez drogę nr 290 biegnącej od miasta Mirocin Dolny do zachodniej granicy gminy, część gminy Bytom Odrzański położona na południowy wschód od linii wyznaczonej przez drogi nr 293 i 326, część gminy Nowe Miasteczko położona na wschód od linii wyznaczonych przez drogi 293 i 328, część gminy Siedlisko położona na południowy wschód od linii wyznaczonej przez drogę biegnącą od rzeki Odry przy południowej granicy gminy do drogi nr 326 łączącej się z drogą nr 325 biegnącą w kierunku miejscowości Różanówka do skrzyżowania z drogą nr 321 biegnącą od tego skrzyżowania w kierunku miejscowości Bielawy, a następnie przedłużoną przez drogę przeciwpożarową biegnącą od drogi nr 321 w miejscowości Bielawy do granicy gminy w powiecie nowosolskim,
- gminy Babimost, Czerwieńsk, Kargowa, Świdnica, Zabór, część gminy Bojadła położona na południe od linii wyznaczonej przez drogę nr 278 biegnącą od wschodniej granicy gminy do skrzyżowania z drogą nr 282 i na południe od linii wyznaczonej przez drogę nr 282 biegnącej od miasta Bojadła do zachodniej granicy gminy i część gminy Sulechów położona na zachód od linii wyznaczonej przez drogę nr S3 oraz na północ od linii wyznaczonej przez drogę łączącą miejscowości Kępsko - Buków biegnącą od zachodniej granicy gminy do miejscowości Buków, a następnie na zachód od linii wyznaczonej przez drogę łączącą miejscowości Buków – Miłkowo biegnącą od miejscowości Buków do północnej granicy gminy w powiecie zielonogórskim,
- część gminy Niegosławice położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 328 w powiecie zagańskim,
- powiat miejski Zielona Góra,
- gminy Skąpe, Szczaniec, Zbąszynek, część gminy Lubrza położona na południe od linii wyznaczonej przez autostradę A2 i część gminy Świebodzin położona na południe od linii wyznaczonej przez autostradę A2 w powiecie świebodzińskim,
- gminy Bobrowice, Dąbie, Krosno Odrzańskie i część gminy Bytnica położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 1157F w powiecie krośnieńskim,
- część gminy Trzciel położona na południe od linii wyznaczonej przez drogę nr 92 w powiecie międzyrzeckim,

w województwie wielkopolskim:

- gmina Zbąszyń, część gminy Miedzichowo położona na południe od linii wyznaczonej przez drogę nr 92, część gminy Nowy Tomyśl położona na zachód od linii wyznaczonej przez drogę nr 305 w powiecie nowotomyskim,
- gmina Siedlec w powiecie wolsztyńskim,
- część gminy Rakoniewice położona na wschód od linii wyznaczonej przez drogę nr 305 w powiecie grodziskim,

w województwie dolnośląskim:

- gminy Jerzmanowa, Żukowice, część gminy Kotla położona na południe od linii wyznaczonej przez rzekę Krzycki Rów, część gminy wiejskiej Głogów położona na zachód od linii wyznaczonej przez drogi nr 12, 319 oraz 329, część miasta Głogów położona na zachód od linii wyznaczonej przez drogę nr 12 w powiecie głogowskim,
- gminy Gaworzyce, Radwanice i część gminy Przemków położona na północ od linii wyznaczonej przez drogę nr 12 w powiecie polkowickim,

w województwie świętokrzyskim:

- część gminy Brody położona na wschód od linii kolejowej biegnącej od miejscowości Marcule i od północnej granicy gminy przez miejscowości Klepacze i Karczma Kunowska do południowej granicy gminy w powiecie starachowickim.

6. An Rómáin

Na criosanna srianta III seo a leanas sa Rómáin:

- Zona oraşului Bucureşti,
- Judeţul Constanţa,
- Judeţul Satu Mare,
- Judeţul Tulcea,
- Judeţul Bacău,
- Judeţul Bihor,
- Judeţul Bistriţa Năsăud,
- Judeţul Brăila,
- Judeţul Buzău,
- Judeţul Călăraşi,
- Judeţul Dâmboviţa,
- Judeţul Galaţi,
- Judeţul Giurgiu,
- Judeţul Ialomiţa,
- Judeţul Ilfov,
- Judeţul Prahova,
- Judeţul Sălaj,
- Judeţul Suceava
- Judeţul Vaslui,
- Judeţul Vrancea,
- Judeţul Teleorman,
- Judeţul Mehedinţi,
- Judeţul Gorj,
- Judeţul Argeş,
- Judeţul Olt,
- Judeţul Dolj,
- Judeţul Arad,
- Judeţul Timiş,
- Judeţul Covasna,
- Judeţul Braşov,
- Judeţul Botoşani,
- Judeţul Vâlcea,

- Județul Iași,
- Județul Hunedoara,
- Județul Alba,
- Județul Sibiu,
- Județul Caraș-Severin,
- Județul Neamț,
- Județul Harghita,
- Județul Mureș,
- Județul Cluj,
- Județul Maramureș.

7. An tSlóvaic

Na criosanna srianta III seo a leanas sa tSlóvaic:

- ceantar iomlán Trebišov.”
-

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2021/624 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Aibreán 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú faoin gCoinbhinsiún idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le nós imeachta comhchoiteann idirthurais a mhéid a bhaineann le Foscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh an Coinbhinsiún idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise, maidir le nós imeachta comhchoiteann idirthurais ⁽¹⁾ ("an Coinbhinsiún") a thabhairt i gcrích an 20 Bealtaine 1987, agus thaining sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.
- (2) De bhun Airteagal 15(3), pointe (a), den Choinbhinsiún, tá an Comhchoiste arna bhunú faoin gCoinbhinsiún le leasuithe a ghlacadh ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún trí bhíthin cinnidh.
- (3) I dtús 2021, tá an Comhchoiste chun cinneadh a ghlacadh chun Foscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1394 ón gCoimisiún ⁽²⁾ rinneadh leasú ar Airteagal 311 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽³⁾ (an "Rialachán Cur Chun Feidhme") maidir le hiarraidh ar aisghabháil na bhfiach custaim a aistriú. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 50 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar Airteagal é a fhreagraíonn d'Airteagal 311 den Rialachán Cur Chun Feidhme, a leasú dá réir sin.
- (5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/893 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, rinneadh leasú ar Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme, maidir leis an nós imeachta leanúnachais gnó i gcomhair idirthurais san Aontas. Cuireadh síneadh le bailíocht na ndeimhnithe ráthaíochta cuimsitheacha páipéarbhunaithe chomh maith leis na deimhnithe ráthaíochta tarscaoilte páipéarbhunaithe chun níos mó solúbthachta a thabhairt don nós imeachta leanúnachais gnó idirthurais, agus chun na foirmiúlachtaí a bhíonn le cur i gcrích ag na húdaráis chustaim, agus na costais a thabhaíonn údaráis chustaim, a laghdú. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 79 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú dá réir sin, mar aon le pointe 19.3, Caibidil III, Iarscríbhinn II a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ar pointe é a fhreagraíonn do phointe 19.3, Caibidil III, Cuid I, Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.

⁽¹⁾ IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1394 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 i dtaca le rialacha áirithe i leith faireachas agus saoradh ón tsaorghluaiseacht agus ón dul amach as limistéar custaim an Aontais (IO L 234, 11.9.2019, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/893 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 206, 30.6.2020, lch. 8).

- (6) Nuair a scoirfidh Cód Custaim an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann as an áireamh, is ina Pháirtí Conarthach ar leith ⁽⁵⁾ a dhéanfar an Ríocht Aontaithe a aontú leis an gCoinbhinsiún, agus beidh feidhm ag Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, prótacal ar cuid dhílis é den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽⁶⁾. Tá tagairtí sa Choinbhinsiún do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, do thíortha comhchoiteanna idirthurais, agus do chód gach tíre faoi seach. Dá bhrí sin, is gá Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú chun cur in iúl gur tír chomhchoiteann idirthurais í an Ríocht Aontaithe, agus go bhfuil feidhm ag Cód Custaim an Aontais i dTuaisceart Éireann, go mór mór a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le ráthaíochtaí.
- (7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, a mhéid a bhaineann le leasú ar Foscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, ós rud é go mbeidh an leasú sin ina cheangal ar an Aontas.
- (8) Ba cheart, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste le linn a 33ú chruinniú nó ag cruinniú eile ina dhiaidh sin, nó trí bhíthin nós imeachta scríofa, a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Foscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste ⁽⁷⁾.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais mionathruithe teicniúla ar an dréachtchinneadh a chomhaontú sa Chomhchoiste, gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

⁽⁵⁾ Cinneadh Uimh. 1/2018 den Chomhchoiste AE-CTC an 4 Nollaig 2018 maidir le cuireadh don Ríocht Aontaithe a theacht chun aontachais sa Choinbhinsiún ar nós imeachta comhchoiteann idirthurais [2018/1987] (IO L 317, 14.12.2018, lch. 47).

⁽⁶⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽⁷⁾ Féach doiciméad ST 6126/21 ar <http://register.consilium.europa.eu>

CINNEADH (AE, Euratom) 2021/625 ón gCOIMISIÚN

an 14 Aibreán 2021

maidir le bunú líonra na bpríomhdhéileálaithe agus sainiú na gcritéar incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite chun críoch gníomhaíochtaí iasachtaíochta ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí eacnamaíochta agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, tugtar de chumhacht don Choimisiún le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ⁽²⁾ suas le EUR 750 000 milliún i bpraghsanna 2018 a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ⁽³⁾, is leis na hiasachtaí sin a mhaoineofar an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Cuirfidh an tAontas tacaíocht inaisíochta agus tacaíocht neamh-inaisíochta ar fáil faoi chláir éagsúla, agus tacóidh sé go háirithe le hinfeistíochtaí poiblí agus le hathchóirithe faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.
- (2) Tugadh de chumhacht don Choimisiún cheana féin gníomhú mar iasachtaí ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais chun iasachtaí a mhaoiniú i gcomhair cúnamh airgeadais arna ndeomú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle ⁽⁵⁾, Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle ⁽⁶⁾, agus na Cinntí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear cúnamh macrairgeadais ar fáil do thíortha éagsúla ar bhonn soláthair i gcomhréir, go háirithe, le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle ⁽⁷⁾, Cinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, agus Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (3) Le Cinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle ⁽¹⁰⁾, údaraítear don Choimisiún freisin cistí a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) chun tionscadail infheistíochta áirithe a mhaoiniú in earnáil an fhuinnimh núicléach sna Ballstáit agus i roinnt tríú tíortha i Lár agus in Oirthear na hEorpa.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 282(3) den Rialachán Airgeadais, tháinig forálacha Theideal X den Rialachán Airgeadais maidir le cúnamh airgeadais i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

⁽¹⁾ IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnamh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid a sholáthraíonn cúnamh airgeadais meántéarmach faoi chomhair chomhardú íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10).

⁽⁸⁾ Cinneadh (AE) 2020/701 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le cúnamh macrairgeadais a sholáthar do chomhpháirtithe um méadú agus comhpháirtithe comharsanachta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (IO L 165, 27.5.2020, lch. 31).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraim Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19 (IO L 159, 20.5.2020, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle an 29 Márta 1977 ag cumhachtú don Choimisiún iasachtaí Euratom a eisiúint chun rannchuidiú le stáisiún núicléacha a mhaoiniú (IO L 88, 6.4.1977, lch. 9).

- (5) Rachfar ar iontaobh na margaí caipitil ar scála mór, agus déanfar eisiúint ar ardmhínicíocht. Tá acmhainneacht ionsúcháin na margaí caipitil finideach. Mar thoradh air sin, caithfidh eagrú na n-oibríochtaí cistithe a bheith solúbtha. I bhfianaise an mhéid sin, is gá don Choimisiún atreisiú a dhéanamh ar a inniúlacht iarraidh ar líonra cumasach cáilithe institiúidí creidmheasa urrúis fiachais a láithriú go príomhúil, na láithriúcháin sin a chur chun cinn agus, de réir mar a bheidh, seirbhísí airgeadais ábhartha a sholáthar, amhail comhairle margaidh chóir agus faisnéis a sholáthar.
- (6) Na príomhdhéileálaithe a ligtear isteach sa líonra, tá siad i dteideal páirt a ghlacadh i gceantanna a dhéanann an Coimisiún chun iasachtaí a fháil ar mhargaí caipitil. Cuireann an sainmhíniú ar na critéir incháilitheachta leis an taithí a fuarthas agus institiúidí creidmheasa á roghnú faoi chlár cúnamh airgeadais atá ann cheana. Baintear leas freisin as dea-chleachtais eisitheoirí ceannasacha agus fornáisiúnta.
- (7) Chun iompar rianúil éifeachtúil gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiach a bhaint amach, ba cheart feidhm a bheith ag na socrúithe a bhaineann le líonra na bpríomhdhéileálaithe maidir le haon ghníomhaíocht iasachtaíochta de chuid an Choimisiúin.
- (8) Ba cheart d'institiúidí creidmheasa a bheith i dteideal a bheith ina gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe má chomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Is é is aidhm dóibh sin feidhmíocht éifeachtúil fheidhm na bpríomhdhéileálaithe a ráthú, go háirithe oibríochtaí margaidh a dhéanamh go hinniúil agus gealltanais frithgheallta a chomhlíonadh. I ndáil leis sin, tá sé rithábhachtach go léireoidh príomhdhéileálaithe incháilithe struchtúr láidir eagraíochtúil, inniúlacht ghairmiúil agus bainistíochta, gníomhaíocht shuntasach sa mhargadh maidir le heisiúint bannaí ceannasacha agus fornáisiúnta a fhrithghealladh, agus comhlíonadh an chreata rialála ábhartha, go háirithe maidir le ceanglais stuamachta an Aontais ⁽¹⁾ agus maoirseacht orthu ⁽²⁾. I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta, ba cheart na critéir sin agus na cinntí lena nglactar le hinstitiúid creidmheasa mar phríomhdhéileálaí a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (9) Mar gheall ar chomhaltas i líonraí príomhdhéileálaithe arna n-oibriú ag Ballstát nó ag eisitheoir fornáisiúnta, tá an institiúid creidmheasa i dteideal a bheith rannpháirteach i gceantanna fiachais phoiblí an eisitheora sin. Léiríú iontaofa ar thaithe in oibríochtaí bainistíochta fiachais phoiblí atá i rannpháirtíocht rialta ghníomhach i nósanna imeachta ceantála ceannasacha nó fornáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart incháilitheacht le haghaidh comhaltas i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais a bheith faoin gcoinnoll go mbeadh Ballstát amháin ar a laghad nó líonra príomhdhéileálaithe nó sásra príomhdhéileála an eisitheora fhornáisiúnta Eorpaigh ina chomhalta de.
- (10) A luaithe a ligtear isteach iad ar líonra na bpríomhdhéileálaithe, ba cheart cead a bheith ag príomhdhéileálaithe an teideal “Comhalta de Líonra Príomh-Dhéileálaithe an Aontais Eorpaigh” a bheith orthu agus páirt a ghlacadh i ngach ceant ar urrúis fiachais de chuid an Aontais agus de chuid Euratom. Ba cheart do na déileálaithe sin íosmheán ualaithe de na méideanna arna gceantáil a cheannach agus oibleagáidí tuairiscithe áirithe a chomhlíonadh.
- (11) Ba cheart do na príomhdhéileálaithe cloí freisin leis na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear rannpháirtíocht i líonra na bpríomhdhéileálaithe, go háirithe cearta, gealltanais agus oibleagáidí na gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe, an t-athbhreithniú bliantúil, oibleagáidí tuairiscithe, chomh maith le rialacha maidir le rialuithe, le fionraí comhaltas, le heisiúint ó líonra na bpríomhdhéileálaithe agus leis an bhféidearthacht tarraingt siar ó líonra na bpríomhdhéileálaithe.
- (12) Sa bhreis ar cheantanna, eisítear urrúis fiachais faoi na clár iasachtaíochta dá dtagraítear faoi aithrisí (3) agus (4) trí shindeacáitíú nó láithrithe príobháideacha freisin. Chuige sin, is é an Coimisiún a cheapann na hinstitiúidí creidmheasa a chomhlíonann ceanglais incháilitheachta arna mbunú le haghaidh idirbhearta sindeacáite agus láithrithe príobháideacha chun críoch gach idirbheart iasachtaíochta.

⁽¹⁾ Féach, go háirithe, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnóclachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽²⁾ Féach, go háirithe, Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat le haghaidh comhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis inniúla náisiúnta agus leis na húdaráis náisiúnta ainmnithe (Creat-Rialachán SAM) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1) agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

- (13) Comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe, a cheannaíonn meánchéatadán ualaithe níos airde de na méideanna arna gceantáil ná mar a cheanglaítear le bheith ina gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe agus a bhfuil sciar tánaisteach leordhóthanach den mhargadh acu in urrúis fiachais de chuid an Aontais agus de chuid Euratom, ba cheart dóibh a bheith incháilithe le bheith ina bpríomhbhainisteoirí agus ina gcomh-phríomhbhainisteoirí in idirbhearta sindeacáite. Ba cheart don ghrúpa déileálaithe sin é a ghabháil air féin leachtacht urrúis fiachais de chuid an Aontais agus de chuid Euratom a chur chun cinn trí ghníomhaíocht cruthaithe margaidh, comhairle chothrom agus faisnéis mhargaidh a sholáthar don Choimisiún agus an tAontas agus eisiúintí Euratom a chur chun cinn le hinfheisteoirí.
- (14) Ba cheart na cúraimí a bhaineann le ról an phríomhbhainisteora agus an chomh-phríomhbhainisteora a mheas mar sheirbhísí airgeadais dá dtagraítear i gCaibidil 1, Roinn 2, pointe 11.1, pointe (j), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Ceapadh príomhdhéileálaithe incháilithe ina gcomhaltaí den tsindeacáit le haghaidh idirbheart eisiúna sonracha, ba cheart, dá bhrí sin, é a bheith bunaithe ar nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Ba cheart seoladh iarrata ar thograí chuig déileálaithe incháilithe agus meastóireacht ar na tograí a fhaigheann an Coimisiún a bheith san áireamh sa nós imeachta sin.
- (15) Agus an ardmhíochacht á cur san áireamh lena meastar a bhainfidh an Coimisiún leas as na margaí caipitil, is gá sásra rianúil tapa éifeachtúil a bhunú chun bainc a cheapadh mar phríomhbhainisteoirí agus comh-phríomhbhainisteoirí le haghaidh idirbhearta sindeacáite. Is gá, dá bhrí sin, bonn cothrom trédhearcach a chur ar fáil chun an iarraidh ar thograí a theorannú d'fhothacar de na príomhdhéileálaithe atá incháilithe le páirt a ghlacadh i sindeacáití. Tá gá leis an roghnú breise sin chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le hiomaíocht sa nós imeachta soláthair maidir le seirbhísí chun tacú leis an tsindeacáit agus an gá atá le hidirbhearta atá íogair ó thaobh ama de a ullmhú go héifeachtúil, agus chun dúbláil a sheachaint in iarracht na bpríomhdhéileálaithe i leith tairiscintí ar shainorduithe sindeacáite. Ba cheart roghnú na mbanc sin a bheith bunaithe ar chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla, a bhaineann le cumas cruthaithe na bpríomhdhéileálaithe incháilithe tacú le heisiúint cheannasach agus fhornáisiúnta i mbunmhargaí agus i margaí tánaisteacha, agus a gcumas urrúis fiachais a dháileadh ar infheisteoirí. Leis an bpróiseas sin, ba cheart sásra uainíochta a chur ar fáil freisin lena n-áirítheofaí go mbeadh deis chothrom ar rannpháirtíocht thar gach príomhdhéileálaí incháilithe.
- (16) Agus an gá le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint á chur san áireamh, ba cheart rialacha faireacháin a bhunú chun comhlíontacht na gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe leis na hoibleagáidí a leagtar amach faoin gCinneadh seo agus le forálacha ábhartha eile is infheidhme a áirithiú, go háirithe na téarmaí agus coinníollacha ginearálta. Ba cheart baint a bheith ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) leis an maoirseacht sin, i gcás inarb iomchuí.
- (17) Ní bhaineann roghnú contrapháirtithe airgeadais le gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a dhéantar trí institiúidí poiblí agus ardáin leictreonacha. Ar an gcúis sin, níor cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo maidir leo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an gCinneadh seo, bunaítear líonra na bpríomhdhéileálaithe agus leagtar síos na critéir incháilitheachta agus na forálacha níos imeachta maidir le roghnú a chomhaltaí chomh maith le cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí sin.
2. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le haon ghníomhaíocht iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a dhéanann an Coimisiún thar ceann an Aontais agus Euratom, i gcás ina roghnaíonn an Coimisiún contrapháirtithe airgeadais príobháideacha.

*Airteagal 2***Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “ceant” próiseas eisiúna urrúis fiachais an Aontais agus Euratom bunaithe ar thairiscintí iomaíocha trí ardán ceantála ar an mbunmhargadh;
- (2) ciallaíonn “cláir iasachtaíochta” cláir an Aontais agus Euratom lena bhfuil baint ag gníomhaíochtaí iasachtaíochta ar na margáí airgeadais, go háirithe cúnaimh airgeadais arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 407/2010, Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, na Cinní ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear cúnaimh macrairgeadais ar fáil do thíortha éagsúla ar bhonn soláthair i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 nó Cinneadh (AE) 2020/701, mar aon le Rialachán (AE) 2020/672, clár Euratom faoi Chinneadh 77/270/Euratom, agus iasachtaíocht ar bhonn Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053;
- (3) ciallaíonn “institiúid creidmheasa” institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4, mír 1 (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾;
- (4) ciallaíonn “urrúis fiachais” nótaí agus/nó ionstraimí airgeadais gearrthéarmacha, amhail billí státchiste, chomh maith le haon ionstraim airgeadais eile, arna n-eisiúint ag an Aontas agus/nó ag Euratom;
- (5) ciallaíonn “comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe” aon institiúid creidmheasa a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 4 agus a áirítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 11;
- (6) ciallaíonn “eisceitheoir fornáisiúnta Eorpach” Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais, an Sársa Cobhsaíochta Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Nordach Infheistíochta;
- (7) ciallaíonn “cleamhna” aon eintiteas ar leis an ngrúpa céanna é mar a shainítear in Airteagal 2(12) de Threoir 2002/87/CE ⁽¹⁴⁾.

*Airteagal 3***Bunú líonra na bpríomhdhéileálaithe**

Is éard a bheidh i líonra príomhdhéileálaithe an Aontais (“líonra na bpríomhdhéileálaithe”) grúpa d’institiúidí creidmheasa a bheidh incháilithe le páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais seo a leanas de chuid an Choimisiúin:

- (a) urrúis fiachais a láithriú ar na príomhmhargáí caipitil, go háirithe trí cheantanna agus idirbhearta sindeacáite;
- (b) leachtacht an Aontais agus urrúis fiachais Euratom a chur chun cinn ar na margáí airgeadais;
- (c) comhairle chóir agus faisnéis margaidh a sholáthar don Choimisiún;
- (d) láithriú urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a chur chun cinn agus a fhorbairt.

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólaichtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽¹⁴⁾ Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoriseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólaichtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 79/267/CEE, 92/49/CEE, 92/96/CEE, 93/6/CEE agus 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 98/78/CE agus 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003).

CAIBIDIL 2

COMHALTAS I LÍONRA NA bPRÍOMHDHÉILEÁLAI THE

Airteagal 4

Critéir incháilitheachta le haghaidh líonra na bpríomhdhéileálaithe

Institiúidí creidmheasa a chomhlíonann na critéir seo a leanas, beidh siad incháilithe le haghaidh comhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe:

- (a) má tá siad ina n-eintitis dhlíthiúla atá bunaithe agus a bhfuil a gceannoifig acu san Aontas nó i dtír de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch;
- (b) má tá siad údaraithe gnó institiúide creidmheasa a dhéanamh san Aontas i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾ agus má dhéanann údarás inniúil de chuid an Aontais maoirseacht orthu; agus
- (c) má tá siad ina gcomhaltaí de líonra príomhdhéileálaithe Eorpach ceannasach nó fornáisiúnta arna bhunú le bheith ina chontrapháirtí de chuid Ballstáit nó de chuid eisitheoir fornáisiúnta Eorpach. Chun críoch an Chinnidh seo, beartófar go mbeidh líonra príomhdhéileálaithe Eorpach ceannasach nó fornáisiúnta ina cheann de na heintitis seo a leanas:
 - (i) líonra, grúpa nó córas eagraithe d'institiúidí airgeadais arna gceapadh ag eisitheoir ceannasach nó fornáisiúnta chun fónamh mar chontrapháirtí margaidh i gcreat bhainistíú an fhiachais phoiblí, a mbaineann a gcomhaltas de ghnáth le heisiúintí urrús fiachais phoiblí trí cheantanna;
 - (ii) sásra príomhdhéileála atá comhionann go substaintiúil leis an líonra, an grúpa nó an córas eagraithe dá dtagraítear i bpointe (i).

Airteagal 5

Gealltanais

Gabhfaidh comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe na gealltanais seo a leanas orthu féin:

- (a) íosmheán ualaithe de 0,05 % de na méideanna a chuireann an tAontas agus/nó Euratom ar ceant a cheannach ar bhonn leathbhliantúil i gcomhréir le cuid A den Iarscríbhinn;
- (b) cloí leis an oibleagáid na méideanna a thrádáiltear ar urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a thuairisciú don Choimisiún go cruinn, go tráthúil agus go hiomlán ar bhonn míosúil de réir na formáide comhchuibhithe tuairiscithe maidir le trádáil ar mhargadh tánaisteach fiachais cheannasaigh na hEorpa arna bunú ag an bhFochoiste um Margáí Fiachais Cheannasaigh de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an Aontais Eorpaigh. Déanfar cáilíocht an tuairiscithe a mheasúnú go tráthrialta agus cuirfear na torthaí in iúl don phríomhdhéileálaí lena mbaineann. Cuirfear in iúl don phríomhdhéileálaí mura bhfuil na sonraí a sholáthraítear cruinn;
- (c) cóip shínithe de “Théarmaí agus coinníollacha ginearálta le haghaidh príomhdhéileálaithe an Aontais Eorpaigh” (“GTC”) a chur isteach;
- (d) a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú go ráithiúil ar na húdaruithe trádála a chuirfear ar fáil dá phearsanra trádála agus go mbeidh siad i bhfeidhm go bailí;
- (e) cloí le cleachtais agus eitic an mhargaidh, go háirithe
 - i. Comhlíonfaidh príomhdhéileálaithe na rialacha iompair agus na caighdeáin is airde i gcleachtais an mhargaidh is infheidhme maidir lena gcuid oibríochtaí i ngnó ioncaim sheasta in EUR.
 - ii. Maidir le hullmhacht, neodracht margaidh agus cur i bhfeidhm ordúil agus éifeachtúil, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar iompar na bpríomhdhéileálaithe le linn idirbhearta sindeacáite agus oibríochtaí bainistíochta fiachais eile a bheith á ndéanamh;

⁽¹⁵⁾ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus ar mhaoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

- iii. Tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra láithreach don Choimisiún faoi aon imeachtaí arna dtionscnamh ina choinne ag údarás inniúil de chuid Ballstáit maidir leis an ngníomhaíocht a dhéanann an príomhdhéileálaí mar institiúid creidmheasa. Tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra don Choimisiún faoi aon bheart nó aon chinneadh a ghlacfar mar thoradh ar na himeachtaí sin;
 - iv. Tabharfaidh gach príomhdhéileálaí fógra don Choimisiún láithreach má chiontaítear an príomhdhéileálaí nó ceann dá chleamhnaithe i gcúiseamh coiriúil, lena n-áirítear imghabháil cánach, nó má tá sé faoi réir smachtbhannaí riaracháin nó araíonachta, nó má chuirtear ar fionraí é nó má eisiatar é ó eagraíocht tionscail in aon Bhallstát;
 - v. Cuirfidh na príomhdhéileálaithe agus a gcleamhnaithe bearta i bhfeidhm a bhaineann le frithsciúradh airgid (AML) agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta (CTF) i gcomhréir leis na dlíthe agus rialacháin náisiúnta agus Aontais is infheidhme. Má shainníonn údarás inniúil de chuid Ballstáit aon easnaimh AML nó CTF nó má fhorchuireann sé aon smachtbhanna AML nó CTF, tabharfaidh na príomhdhéileálaithe fógra don Choimisiún láithreach agus tabharfaidh siad tuairisc faoina mbearta feabhais;
 - vi. Áiritheoidh an príomhdhéileálaí nach ndéanfaidh sé idirbhearta a thabhairt i gcrích a bhaineann le hurrúis fiachais de chuid an Aontais agus Euratom, lena mbainfeadh aon chontrapháirtí atá ionchorpraithe nó bunaithe i dtír a áirítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach nó a shainnítear mar thrú tíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) Uimh. 2015/849 agus a liostaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 nó nach gcomhlíonann go héifeachtach na caighdeáin chánach de chuid an Aontais nó atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise agus sárúithe ar chórais smachtbhannaí, go háirithe bearta sriantacha faoi Airteagal 215 CFAE.
- (f) déileáil faoi rún leis an bhfaisnéis uile a fhaightear ón gCoimisiún.

Airteagal 6

Téarmaí agus coinníollacha ginearálta

1. Beidh feidhm ag GTC maidir le haon ghníomhaíocht iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais a dhéanann an Coimisiún faoi na cláir iasachtaíochta faoin gCinneadh seo.
2. Déanfar an méid seo a leanas le GTC, i gcomhréir leis an gCinneadh seo:
 - (a) sonraí na n-oibleagáidí a bhunú ar feadh fhad na rannpháirtíochta i líonra na bpríomhdhéileálaithe;
 - (b) inneachar agus nós imeachta an athbhreithnithe bhliantúil a bhunú;
 - (c) sonraí na n-oibleagáidí tuairiscithe a bhunú;
 - (d) rialacha a bhunú maidir le rialuithe;
 - (e) sonraí na rialacha agus an nós imeachta a bhunú maidir le comhaltas a chur ar fionraí, maidir leis an bhfionraí sin a bhaint, agus maidir le heisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe; agus
 - (f) an fhéidearthacht tarraingt siar as líonra na bpríomhdhéileálaithe a rialáil.
3. Déanfar aon teorainn ama a ríomh mar seo a leanas:
 - (a) i gcás ina sloinntear teorainn ama i laethanta nó i míonna ó dháta nó ó theagmhas áirithe, ní áireofar an lá ar a dteann an dáta sin nó ar a dtarlaíonn an teagmhas sin nó an mhí ina bhfuil an dáta sin nó ina dtarlaíonn an teagmhas sin mar lá nó mí laistigh den teorainn ama;
 - (b) laethanta gnó amháin a bheidh sna teorainneacha ama arna sloinneadh i laethanta. Cinnfear laethanta gnó i gcomhréir le féilire na laethanta saoire poiblí agus bainc i Lucsamburg (<https://www.abbl.lu/fr/topic/bank-holidays/>);
 - (c) tiocfaidh deireadh le teorainn ama a shloinntear i míonna nuair a rachaidh an lá sa mhí dheiridh in éag a chomhfhreagraíonn don lá céanna ar ar thit an dáta nó ar ar tharla an teagmhas ónar ríomhadh an teorainn ama.
 - (d) más rud é, i dteorainn ama a shloinntear i míonna, nach lá sa mhí dheiridh é an lá ar ar cheart don tréimhse críochnú, críochnóidh an teorainn ama nuair a thiocfaidh deireadh le lá deiridh na míosa sin;
 - (e) má théann am a shloinntear i míonna in éag ar lá saoire poiblí nó bainc, cuirfear síneadh leis go dtí deireadh an chéad lae gnó ina dhiaidh sin.

*Airteagal 7***Cearta na gcomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe**

Tá comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe i dteideal na gceart seo a leanas:

- (a) fógraíocht a dhéanamh orthu féin mar “Chomhalta de Líonra Príomh-Dhéileálaithe an Aontais Eorpaigh”;
- (b) páirt a ghlacadh agus tairiscint a dhéanamh in aon cheant ar urrúis fiachais de chuid an Aontais nó Euratom;
- (c) aiseolas maidir lena bhfeidhmíocht a fháil ar bhonn rialta, uair sa bhliain ar a laghad, go háirithe i ndáil lena rangú sna ceantanna agus sna margáí tánaisteacha; beidh an t-aiseolas sin bunaithe ar an bpróiseas meastóireachta inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 11 le critéir oibiachtúla atá le cur in iúl do na príomhdhéileálaithe;
- (d) gan dochar do Chaibidil 3, a bheith incháilithe le haghaidh oibríochtaí bainistíochta fiachais, lena n-áirítear na hoibríochtaí seo a leanas:
 - (i) láithrithe príobháideacha;
 - (ii) idirbhearta athcheannaigh mar a shainítear in Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾;
 - (iii) babhtálacha mar a shainítear i Roinn 1, pointe 10, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún ⁽¹⁷⁾.
- (e) An ceart éirí as a chomhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe tráth ar bith trí fhógra a thabhairt don Choimisiún ina leith. Gabhfaidh éifeacht leis an tarraingt siar an chéad lá gnó den dara mí tar éis dháta an fhógra.

CAIBIDIL 3

PRÍOMHSHAINORDUITHE AGUS COMH-PHRÍOMHSHAINORDUITHE LE HAGHAIDH IDIRBHEARTA SINDEACÁITE*Airteagal 8***Critéir incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite**

Tá comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe incháilithe le feidhmiú mar phríomhbhainisteoirí agus comh-phríomhbhainisteoirí i gcomhair idirbhearta sindeacáite, faoi réir chomhlíonadh na gcritéar seo a leanas:

- (a) i gcás inar cheannaigh siad ar a laghad 2,00 % de na méideanna arna gceantáil ag an Aontas agus Euratom, ar mheán ualaithe bunaithe ar na trí cheant dheireanacha ar bhonn leanúnach;
- (b) i gcás ina bhfuil siad tar éis fianaise a sholáthar, bunaithe ar na sonraí idirbheartaíochta arna dtuairisciú i gcomhréir leis an gCinneadh seo, go bhfuil sciar 2,00 % den mhargadh ar a laghad acu in urrúis fiachais de chuid an Aontais agus Euratom ar na margáí tánaisteacha;
- (c) i gcás ina bhfuil siad tar éis comhaontú leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite, a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de GTC; agus
- (d) i gcás ina bhfuil siad tar éis comhaontú le sceideal na dtáillí.

*Airteagal 9***Sceideal na dtáillí**

Beidh feidhm ag sceideal na dtáillí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 8 maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais. Le sceideal na dtáillí bunófar luach saothair a bheidh i gcomhréir leis na costais agus na rioscaí a thabhaíonn na príomhdhéileálaithe incháilithe agus oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais de chuid an Aontais agus Euratom á gcur i gcrích, agus cost-éifeachtúlacht á háirithe don Aontas an tráth céanna agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí maidir le heisiúint fiachais de chuid an Aontais, go háirithe méideanna agus aibíochtaí. Déanfar tagairt do sceideal na dtáillí in iarscríbhinn a ghabhann leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite.

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1).

⁽¹⁷⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/583 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margáí in ionstraimí airgeadais a mhéid a bhaineann le caihdeáin theicniúla rialála maidir le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrúla, lamháltais astaíochtaí agus díorthach (IO L 87, 31.3.2017, lch. 229).

*Airteagal 10***Gealltanais bhreise**

Maidir le comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 8, féadfar iad a roghnú ina bpríomhshainorduithe agus ina gcomh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite ar bhonn an mheasúnaithe ar a dtiomantas aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) ar bhonn na hiarrachta is fearr, leachtacht urrús fiachais de chuid an Aontais agus Euratom a chur chun cinn le gníomhaíocht cruthaithe margaidh, ag cur, ar an gcaoi sin, le praghas-aimsíú, le héifeachtúlacht an mhargaidh thánaistigh agus le cur i gcrích ordúil trádála;
- (b) comhairle agus faisnéis mhargaidh chothrom a chur ar fáil don Choimisiún d'fhonn na cláir iasachtaíochta a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus, go háirithe, comhairle a chur ar fáil sula bhfoilseofar an clár cistithe agus i gcomhthéacs ullmhú na n-idirbheart bainistíochta fiachais faoi na cláir iasachtaíochta;
- (c) faisnéis a chur ar fáil go rialta don Choimisiún maidir le treochtaí an mhargaidh, le hanailís agus taighde ar fheidhmiú na margaí ioncaim sheasta agus, go háirithe, leis na ranna ceannasacha agus fornáisiúnta agus na gníomhaireachtaí;
- (d) láithriú urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a chur chun cinn agus a fhorbairt laistigh de phobal éagsúlaithe leathan infheisteoirí mar chuid dá straitéis ghnó.

*Airteagal 11***Roghnú na sindeacáite**

1. Roghnófar sindeacáití de bhun Chaibidil 1, Roinn 2, pointe 11.1, pointe (j), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 i nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré.
2. Seolfaidh an Coimisiún na hiarrataí ar thograí chuig foghrúpa de chomhaltaí incháilithe de líonra na bpríomhdhéileálaithe a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 8 agus 10, agus tairiscint á sireadh ar rannpháirtíocht mar phríomhbhainisteoirí agus comh-phríomhbhainisteoirí.
3. Roghnú an fhoghrúpa de phríomhdhéileálaithe incháilithe a ndéanfar an iarraidh ar thograí a sheoladh chucu, bunófar é ar chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla oibiachtúla, a bhaineann le cumas cruthaithe na bpríomhdhéileálaithe incháilithe tacú le heisiúint cheannasach agus fhornáisiúnta i mbunmhargaí agus i margaí tánaisteacha, agus a gcumas urrúis fiachais a dháileadh ar infheisteoirí. Áireofar sna critéir sin freisin measúnú ar fheidhmíocht na ngníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 10. Cuirfidh an Coimisiún critéar uainíochta chun feidhme chun a áirithiú go n-iarrfar go rialta ar na comhaltaí incháilithe uile de líonra na bpríomhdhéileálaithe freagairt ar iarrataí ar thograí.
4. Déanfar na tograí a gheofar ó na comhaltaí incháilithe dá dtagraítear i mír 2 a mheas ar bhonn sraith bhreise de chritéir cháilíochtúla agus chainníochtúla oibiachtúla agus i bhfianaise bunú sindeacáite, arb é a chomhdhéanamh an teaghlaim is fearr bainisteoirí is féidir chun idirbheart ar leith a chur i gcrích ar an mbealach is fearr.
5. Na critéir maidir le hiarrataí ar thograí a tharchur agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na tograí a gheofar, cuirfear in iúl iad d'fhoghrúpa chomhaltaí líonra na bpríomhdhéileálaithe mar aon leis an iarraidh ar thograí.

CAIBIDIL 4

IARRATAS AR CHOMHALTAS AGUS BUNÚ AN LIOSTA DE CHOMHALTAÍ LÍONRA NA BPRÍOMHDHÉILEÁLAI THE AGUS FAIREACHÁN*Airteagal 12***Iarratas ar chomhaltas agus liosta na bpríomhdhéileálaithe**

1. Cuirfidh institiúidí creidmheasa leasmhara iarratas ar chomhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin an fhoirm iarratais agus an seicliosta atá i gceangal maidir leis na critéir iontrála atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a líonadh agus a chur isteach.
2. Áireofar cruthúnas go bhfuil Airteagail 4 agus 5 á gcomhlíonadh in iarratais ar iontráil i líonra na bpríomhdhéileálaithe. Chuige sin, tá an fhianaise agus na doiciméid tacaíochta atá le cur isteach mionsonraithe san fhoirm iarratais agus sna hiarscríbhinní a ghabhann léi.
3. I gcás foirm iarratais neamhiomlán, faisnéis neamhiomlán nó sonraí neamhleora, féadfar a iarraidh ar an iarratasóir an fhaisnéis bhreise is gá a chur isteach. Mura gcuirtear an fhaisnéis bhreise riachtanach ar fáil laistigh de sprioc-am sonraithe, diúltófar an fhoirm iarratais.
4. Má sholáthraítear faisnéis nó doiciméid atá bréagach, míthreorach nó mícheart le linn an phróisis iarratais, ní cheadófar iontráil i líonra na bpríomhdhéileálaithe nó, de réir mar a bheidh, b'fhéidir go mbeadh eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe mar thoradh air i gcomhréir le hAirteagal 15 den Chinneadh seo.
5. San fhoirm iarratais, dearbhóidh gach príomhdhéileálaí go nglacann sé le GTC, agus ar an gcaoi sin admhóidh sé a nádúr ceangailteach agus a ghealltanas dóibh.
6. Síneoidh ionadaí cuí-údaraithe de chuid an phríomhdhéileálaí an fhoirm iarratais agus GTC agus déanfaidh sé GTC a inisiliú ar gach leathanach freisin, ionadaí ar ionadaí é atá de chumhacht aige, bunaithe ar na dlíthe is infheidhme de chuid na dlínse ábhartha agus ar na doiciméid chorparáideacha ábhartha, gealltanas a thabhairt go bailí thar ceann an phríomhdhéileálaí sin chun críoch chomhlíonadh na n-oibleagáidí agus na ngníomhaíochtaí faoi GTC. Chun na críche sin, soláthrófar sliocht as clár ábhartha na gcuideachtaí nuair a bheidh an fhoirm iarratais á cur isteach.
7. Déanfar aon chumarsáid, aon fhógra nó aon fhaisnéis a bhaineann leis an gCinneadh seo agus le GTC ag seoladh an fhógra arna thoghadh ag príomhdhéileálaithe san fhoirm iarratais dá gcuid agus díreofar iad ar an duine a ainmnítear ann mar "chomhordáitheoir".

*Airteagal 13***Iontráil i líonra na bpríomhdhéileálaithe**

1. Laistigh de dhá mhí, ar a dhéanaí, ó thíolacadh an iarratais ábhartha a ghlacfar an cinneadh maidir le cé acu iarratasóir a áireamh ar liosta na bpríomhdhéileálaithe nó gan é a áireamh. Má iarrtar ar iarratasóir faisnéis bhreise a chur isteach i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 12, déanfar an teorainn ama maidir le cinneadh a bhaineann leis an iarratasóir sin a chur ar fionraí go dtí an dáta a gcuirfear isteach an fhaisnéis bhreise sin. Má chuireann an t-iarratasóir in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, glacfar an cinneadh laistigh de dhá mhí. Cuirfear an cinneadh in iúl don iarratasóir.

Luafar sa chinneadh maidir le neamhiontráil na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe.

2. Déanfar liosta nuashonraithe de chomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe a fhoilsiú uair sa bhliain in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
3. D'fhonn an t-athbhreithniú bliantúil a dhéanamh, iarrfar ar na príomhdhéileálaithe ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún agus dearbhú a thabhairt dó go gcomhlíonann siad fós na critéir incháilitheachta go léir maidir leis an gcomhaltas a leagtar síos in Airteagal 4.

*Airteagal 14***Faireachán**

Féadfaidh an Coimisiún fíoruithe a dhéanamh, nó féadfaidh sé tríú páirtí a cheapadh chun iad a dhéanamh, chun comhlíonadh an Chinnidh seo ag comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe a sheiceáil. Comhoibreoigh comhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe leis na fíoruithe sin agus éascóidh siad a n-iompar, go háirithe tríd an bhfaisnéis agus na sonraí is gá a chur ar fáil chomh maith le rochtain orthu.

Déanfaidh gach comhalta de líonra na bpríomhdhéileálaithe na nithe seo a leanas:

- (a) an teorainn riosca a socraíodh do ghníomhaíocht trádála urrúis fiachais an Aontais agus Euratom a chur ar fáil don Choimisiún i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (c), le haghaidh phríomhdhéileálaithe an Aontais;
- (b) fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon íosghrádú ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí atá aitheanta ag gníomhaireachtaí rátála san Aontas;
- (c) fógra a thabhairt gan mhoill don Choimisiún maidir le haon neamh-chomhlíonadh sáráitheach i ndáil le haon chritéar incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 4.

Trí ghlacadh le GTC, tugann an príomhdhéileálaí toiliú d'iniúchtaí agus d'fhíorú a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na sonraí a tharchuirtear chuig an gCoimisiún faoi chuimsiú a chuid oibleagáidí tuairiscithe, go háirithe maidir leis na sonraí a úsáidfeadh chun measúnú a dhéanamh ar a fheidhmíocht ar an margadh tánaisteach.

*Airteagal 15***Fionraí agus eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe**

1. Is féidir comhaltas an phríomhdhéileálaí i líonra na bpríomhdhéileálaithe a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina ndéantar imeachtaí a thionscnamh i gcoinne príomhdhéileálaí dá dtagraítear i bhfomhír (iii) de phointe (e) d'Airteagal 5;
- (b) i gcás ina ndéantar nós imeachta a thionscnamh, a bhféadfadh scor comhaltais sa líonra nó an sásra dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4 a bheith mar thoradh air;

Iarrfar ar phríomhdhéileálaí le fógra réamhfhionraithe a chuid barúlacha a chur isteach laistigh de theorainn ama nach lú ná 7 lá ón bhfógra a fháil. Tiocfaidh an cinneadh maidir le fionraí i bhfeidhm an chéad lá gnó tar éis dháta an fhógra don phríomhdhéileálaí neamh-chomhlíontach.

Féadfar an fionraí a bhaint arna hiarraidh sin ón bpríomhdhéileálaí atá ar fionraí. Cuirfidh an príomhdhéileálaí fianaise leordhóthanach isteach, de réir mar is infheidhme, nach bhfuil na himeachtaí dá dtagraítear faoi phointe (a) den chéad fhomhír ar feitheamh a thuilleadh ná nár eascair smachtbhanna de chineál ar bith astu i gcoinne an déileálaí ar fionraí nó nach bhfuil an nós imeachta dá dtagraítear faoi phointe (b) den chéad fhomhír ar feitheamh a thuilleadh ná nár eascair scor comhaltais sa líonra ná sa sásra dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4 as. Déanfar an fhianaise a chuirfeadh i láthair a mheasúnú agus déanfar cinneadh ina leith laistigh de 15 lá oibre ón iarraidh a fháil.

2. Déanfar príomhdhéileálaí a eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás nach gcomhlíonann príomhdhéileálaí aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4;
- (b) i gcás ina ndéantar príomhdhéileálaí a eisiamh de bhun Airteagail 135 go 142 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1046/2018 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾.

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir leis an eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe i gcásanna a leagtar síos faoi mhír 2:

- (a) iarrfar ar an bpríomhdhéileálaí le fógra réamheisiaimh a bharúlacha a chur isteach laistigh de theorainn ama nach lú ná 7 lá ón dáta a bhfaighfear an fógra;
- (b) cuirfear an cinneadh maidir le heisiamh in iúl don phríomhdhéileálaí. Gabhfaidh an cinneadh maidir le heisiamh éifeacht an chéad lá gnó tar éis dháta a fhógra don phríomhdhéileálaí eisiata.

4. Féadfar príomhdhéileálaí a eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe sna cásanna seo a leanas:

- (a) neamhchomhlíonadh oibleagáidí a leagtar síos faoi Airteagal 5;
- (b) gealltanais maidir le sárú dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, mar a cinneadh i gcinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag údarás inniúil ábhartha;
- (c) cinneadh críochnaitheach arna dhéanamh ag an údarás inniúil mar thoradh ar aon imeacht dá dtagraítear faoi fhomhír (v) de phointe (e) d'Airteagal 5, nó a bhaineann le dlíthe agus rialacháin AML agus CTF;
- (d) neamhchomhlíonadh fhomhír (vi) de phointe (e) d'Airteagal 5; nó
- (e) nochtadh faisnéise, atá faoi réir oibleagáid rúndachta faoi phointe (f) d'Airteagal 5.

5. Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir leis na cásanna a leagtar síos faoi mhír 4:

- (a) Gheobhaidh an príomhdhéileálaí lena mbaineann fógra ina sonrófár na forais atá le neamhchomhlíonadh agus ina leagfar síos teorainn ama maidir le barúlacha a chur isteach nach giorra ná 7 lá ón dáta a bhfaighidh an príomhdhéileálaí an fógra.
- (b) Agus na barúlacha a cuireadh isteach, más ann dóibh, á gcur san áireamh, gheobhaidh an príomhdhéileálaí fógra rabhaidh, ina n-iarrfar air na bearta ceartaitheacha ábhartha a dhéanamh chun comhlíonadh na gcritéar agus/nó na n-oibleagáidí ábhartha a athbhunú agus/nó a áirithiú.
- (c) Cuirfidh an príomhdhéileálaí na bearta ceartaitheacha a bhfuil sé ar intinn aige a ghlacadh in iúl, laistigh de sprioc-am socraithe, nach giorra ná seachtain amháin ón dáta a bhfaighfear an fógra rabhaidh.
- (d) Mura gcuirfear aon fhaisnéis in iúl laistigh den teorainn ama dá dtagraítear faoi mhír (c), gheobhaidh an príomhdhéileálaí fógra rabhaidh den dara huair, ina n-iarrfar air na bearta ceartaitheacha dá dtagraítear i mír (b) a dhéanamh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír (c).
- (e) Cuirfidh an príomhdhéileálaí fianaise leordhóthanach ar fáil gur cuireadh na bearta ceartaitheacha chun feidhme laistigh de sprioc-am socraithe nach giorra ná mí amháin ón dáta a gcuirfear an fógra rabhaidh dá dtagraítear i bpointe (b) in iúl. I gcás nach gcuirfear aon fhianaise ar fáil nó nach gcuirfear fianaise leordhóthanach ar fáil, déanfar an fógra réamheisiaimh a dhírú ar an bpríomhdhéileálaí mar aon leis an iarraidh barúlacha a chur isteach laistigh de theorainn ama nach lú ná 7 lá ón bhfógra a fháil. Agus na barúlacha a cuireadh isteach, más ann dóibh, á gcur san áireamh, féadfar cinneadh a dhéanamh an príomhdhéileálaí neamh-chomhlíontach a eisiamh ó líonra na bpríomhdhéileálaithe.
- (f) Luafar sa chinneadh maidir le heisiamh na cúiseanna ar a bhfuil an t-eisiamh bunaithe.
- (g) Gabhfaidh an cinneadh maidir le heisiamh éifeacht an chéad lá gnó tar éis dháta a fhógra don phríomhdhéileálaí eisiata.

6. Maidir le comhaltas a chur ar fionraí de bhun mhír 1, maidir le heisiamh ó chomhaltas de bhun mhíreanna 2 go 6 agus maidir le héirí as comhaltas i líonra na bpríomhdhéileálaithe de bhun phointe (e) d'Airteagal 7, ní bheidh aon éifeacht acu ar chearta ná ar oibleagáidí an phríomhdhéileálaí lena mbaineann i ndáil le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an dáta éifeachtach maidir le heisiamh, fionraí nó éirí as, faoi seach.

7. Ní bheidh fionraí oibleagáidí faoi phointe (f) d'Airteagal 5 agus faoi Airteagal 14 i gceist leis an bhfionraí.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Airteagal 16***Foráil idirthréimhseach**

Tar éis dháta foilsithe an liosta i gcomhréir le hAirteagal 13, agus go dtí go mbeidh dóthain sonraí ar fáil ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéir incháilitheachta faoi Airteagal 8, beidh gach comhalta de líonra na bpríomhdhéileálaithe a chomhlíonann na critéir incháilitheachta faoi Airteagal 4 incháilithe don phríomhshainordú agus don chomh-phríomhshainordú.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais an Choimisiúin a sheolfar tar éis dháta chéadfoilsithe an liosta i gcomhréir le hAirteagal 13. Go dtí an dáta sin, ceapfar déileálaithe chun críche gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais ar bhonn an chreata oibríochtúil inmheánaigh atá i bhfeidhm faoi na cláir iasachtaíochta atá ann cheana.

*Airteagal 17***Foráil chríochnaitheach**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Comhlíonadh na hoibleagáide maidir le híomheán ualaithe 0,05 % de na méideanna a chuireann an tAontas agus/nó Euratom ar ceant a cheannach ar bhonn leathbhliantúil

- Déanfar ceantanna trí chóras ceantála a oibreoidh soláthraí ceantála a roghnóidh an Coimisiún (“soláthraí ceantála”).
- Glacfar páirt sna ceantanna agus ceannófar urrúis fiachais a cuireadh ar ceant i gcomhréir le rialacha ceantála arna socrú ag an soláthraí ceantála agus arna bhformhuiniú ag an gCoimisiún. Beidh na príomhdhéileálaithe i bpáirt leis na rialacha ceantála agus comhlíonfaidh siad iad.
- Ba cheart do na príomhdhéileálaithe uile a thuiscint go nglacann siad páirt sna ceantanna ar a riosca féin agus nach mbeidh an Coimisiún freagrach ar aon bhealach as cinní aon rannpháirtí sna ceantanna agus go háirithe as aon chailteanas, díreach nó indíreach, a thagann chun cinn i ndáil le haon idirbheart a dhéanann na rannpháirtithe sin.
- Glacfaidh na príomhdhéileálaithe gach beart chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa cheant, go háirithe, na conarthaí leis an soláthraí ceantála a thabhairt i gcrích, aon chéim nó foirmiúlacht is gá chun bheith rannpháirteach sna ceantanna a chur i gcrích, agus an bonneagar teicniúil chun bheith rannpháirteach iontu a bheith i bhfeidhm acu.
- Ní thabhoíd an Coimisiún aon chostas ná ní bheidh aon fhreagracht air i leith an phríomhdhéileálaí i ndáil leis na conarthaí idir an soláthraí ceantála agus an príomhdhéileálaí ná i ndáil leis an mbonneagar teicniúil le haghaidh an cheant.
- Ní scaoilfear príomhdhéileálaithe ó chomhlíonadh a n-oibleagáide faoi Airteagal 5(a) ach amháin i gcásanna *force majeure*, nach mbeidh cásanna mífheidhme ná saincheistanna teicniúla a bhaineann leis an mbonneagar san áireamh leo go háirithe.
- Déanfar ríomh na méideanna arna gceannach ag príomhdhéileálaithe le linn na tréimhse ábhartha 6 mhí a ualú de réir an tábla seo a leanas:

Aibíocht iarmhair	<3.5m	3.5m - 1Bln	1Bln - 4Bln	4Bln - 8Bln	8Bln - 12Bln	12Bln - 17Bln	17Bln - 23Bln	>23Bln
Comhéifeacht	0,5	1	2,5	5,5	10	15	20	25

- Cuirfear an ríomh sin i bhfeidhm ar feadh 6 mhí sa turas, ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh agus ó mhí Iúil go mí na Nollag, cé is moite den chéad tréimhse, a mhairfidh amháil ó dháta an chéad cheant go dtí deireadh na tréimhse 6 mhí ina dhiaidh sin.

2. Oibleagáidí tuairiscithe

- Cuirfidh na príomhdhéileálaithe faisnéis isteach, arna iarraidh sin orthu, maidir leis an teorainn riosca atá leagtha síos ag an bpríomhdhéileálaí sin chun a shuíomh féin a bhainistiú, le haghaidh gníomhaíocht trádála urrúis fiachais an Aontais agus Euratom, chomh maith le faisnéis maidir leis an méid a úsáidtear an teorainn riosca. Sonrófar san iarraidh an fhaisnéis atá le cur isteach.
- Tabharfaidh na príomhdhéileálaithe fógra láithreach don Choimisiún i gcás ina mbeidh sé faoi réir uasghráduithe nó íosghráduithe rátála ag ceann de na gníomhaireachtaí rátála seachtracha atá sainaitheanta ag ESMA i gcomhréir le hAirteagal 18 (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- Tabharfaidh na príomhdhéileálaithe fógra gan mhoill don Choimisiún faoi neamhchomhlíonadh aon chritéir incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 4.
- Cuirfidh na príomhdhéileálaithe aon athrú ar na sonraí teagmhála a cuireadh in iúl tríd an bhfoirm iarratais faoi bhráid an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as an teimpléad a ghabhann leis an bhfoirm iarratais laistigh de dhá sheachtain ón dáta a tháinig an t-athrú i bhfeidhm.
- Cuirfidh na príomhdhéileálaithe faoi bhráid an Choimisiúin, arna iarraidh sin dó, aon fhaisnéis is ábhartha i dtaca lena ngníomhaíochtaí mar phríomhdhéileálaithe a fhorghníomhú, go háirithe faisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí sa bhunmhargadh agus sa mhargadh tánaisteach a bhaineann le hurrúis fiachais an Aontais agus Euratom.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidimheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1); tá an liosta le fáil ag: <https://www.esma.europa.eu/supervision/credit-rating-agencies/risk>

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/626 ÓN gCOIMISIÚN
an 14 Aibreán 2021**

lena ndéantar Tairseach InvestEU a bhunú agus a shonraíochtaí teicniúla a leagan amach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 26 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart go mbeadh Tairseach InvestEU ina cuidiú chun forbairt agus toradh na dtionscadal infheistíochta san Aontas a chatalú agus a luathú.
- (2) De bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/523, ní liostófar ar Thairseach InvestEU ach tionscadail atá i gcomhréir le dlí agus beartais an Aontais. Ba cheart critéir iontrála a leagan síos chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas sin.
- (3) Chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú trédhearcach ar Thairseach InvestEU, ba cheart sonraíochtaí teicniúla Thairseach InvestEU a leagan amach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunaítear Tairseach InvestEU. Le Tairseach InvestEU, déanfar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn a chomhlíonadh.

Airteagal 2

Le háireamh na dtionscadal i dTairseach InvestEU, déanfar na critéir iontrála seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) beidh méid nach ísle ná EUR 500 000 sa tionscadal (nó sa chlár, más tacar de thionscadail bheaga atá ann), i dtéarmaí na n-infheistíochtaí atá de dhíth;
- (b) tiocfaidh an tionscadal faoi na réimsí atá incháilithe le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/523;
- (c) ní dhéanfar an tionscnóir a eisiáimh ó chonarthaí a mhaoinítear le buiséad an Aontais ná ní ghearrfar smachtbhanna air i ngeall ar mhí-iompar gairmiúil tromchúiseach, ar ghníomhaíochtaí coiriúla, ná ar easnaimh shuntasacha i gcomhlíonadh a oibleagáidí faoi Rialachán 2018/1046 (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾;
- (d) ní gníomhaíochtaí eisiata a bheidh sa tionscadal mar a leagtar amach i bpointe B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/523;
- (e) beidh an tionscadal lonnaithe san Aontas, nó i dtír nó críoch thar lear atá nasctha le Ballstát mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE;
- (f) ní bheidh rioscaí clú i gceist don Choimisiún leis an tionscadal;
- (g) beidh cur chun feidhme an tionscadail tosaithe nó measfar go dtosóidh sé laistigh de 3 bliana ón dáta a chuirfear chuig Thairseach InvestEU é;

⁽¹⁾ IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.

⁽²⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (h) tabharfar tuairisc shoiléir san iarratas tionscadail gur tionscadal infheistíochta atá ann agus beidh an fhaisnéis a thabharfar ann cruinn agus sonrúfar inti an méid maoiniúcháin is gá chun an tionscadal a dhéanamh; agus
- (i) beidh an tionscadal ag lú le dlí agus beartais an Aontais.

Airteagal 3

Ní ghearrfar aon táille próiseála iarratais as tionscadal a áireamh i dTairseach InvestEU.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA THAIRSEACH INVESTEU

1. Tuairisc ghinearálta

Is éard a bheidh i dTairseach InvestEU bunachar sonraí tionscadal a mbeidh rochtain éasca air agus a bheidh furasta le húsáid, lena soláthrófar faisnéis ábhartha maidir le gach tionscadal, lena gcuirfear bealach ar fáil do thionscnóirí tionscadal chun tionscadail a bhfuil siad ag iarraidh maoiniú ina leith a chur os comhair infheisteoirí, lena n-áirítear deontóirí agus daonchairde. Cuirfear faisnéis mhionsonraithe ar fáil d'úsáideoirí cláraithe amháin.

Ní hionann tionscadal a fhoilsiú ar Thairseach InvestEU agus a fhorghuiniú ag an gCoimisiún. Ní dochar áireamh tionscadal i dTairseach InvestEU do chinntí maidir leis na tionscadail deiridh a roghnófar chun tacaíocht a fháil faoi Rialachán (AE) 2021/523, faoi aon ionstraim eile de chuid an Aontais, agus beidh sé gan dochar do chinntí maidir le cistiú poiblí.

Is iad seo a leanas na príomh-chomhphárteanna a bheidh i dTairseach InvestEU:

- (1) tairseach phoiblí: cuid de shuíomh gréasáin an chláir InvestEU ina mbeidh faisnéis atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear:
 - léarscáil na dtionscadal (léarscáil a bheidh idirghníomhach le haghaidh úsáideoirí cláraithe); agus
 - eolaire na dtionscadal arna ghrúpáil de réir tíortha, earnálacha agus critéir ábhartha eile (taispeánfar mar chártaí é);
- (2) ardán ar líne le haghaidh úsáideoirí cláraithe (“oifig thosaigh”): cuid de Chóras Faisnéis Bainistíochta InvestEU lenar féidir úsáideoirí (lena n-áirítear tionscnóirí tionscadail agus infheisteoirí) a chlárú agus lena soláthraítear faisnéis mhionsonraithe, amhail:
 - bunachar sonraí ina mbeidh cur i láthair mionsonraithe ar thionscadail (faisnéis achomair struchtúrtha faoi thionscadail aonair) ar fáil d'úsáideoirí cláraithe amháin; agus
 - réimsí sonracha le haghaidh tionscnóirí tionscadail agus infheisteoirí chun a chur ar a gcumas tionscadail ar líne a chur isteach lena bhfoilsiú ar Thairseach InvestEU agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail fhoilsithe;
- (3) ardán inmheánach (“cúloifig”): cuid de Chóras Faisnéis Bainistíochta InvestEU a bheidh in úsáid ag seirbhísí an Choimisiúin chun críoch scagtha agus bainistithe.

2. Tairseach InvestEU a bhainistiú

Déanfaidh an Coimisiún Tairseach InvestEU a bhainistiú. Is iad na tionscnóirí tionscadail, i.e. eintitis dhlíthiúla phríobháideacha agus phoiblí, a ghinfidh inneachar na Tairsí. Féadfar tacú leis an Tairseach trí imeachtaí spriocdhírthe.

Rannpháirtíocht na dtionscnóirí tionscadail agus na n-úsáideoirí eile arna gclárú ar shuíomh gréasáin Thairseach InvestEU, beidh sí faoi réir ghlacadh na dtionscnóirí agus na n-úsáideoirí leis na Téarmaí agus Coinníollacha a mbeidh sé d'aidhm acu cáilíocht na faisnéise foilsithe a fhaightear ó thionscnóirí tionscadail a áirithiú agus a chur in iúl go soiléir san am céanna nach ráthaíonn an Coimisiún cruinneas na faisnéise foilsithe agus nach féidir dliteanas a chur air i leith aon éilimh bunaithe ar fhoilsiú an tionscadail.

Le séanadh, cuirfear in iúl d'úsáideoirí an tsuímh ghréasáin nach féidir leis an gCoimisiún a ráthú i leith na faisnéise a fhoilsítear go mbeidh sí cruinn agus nach mór d'infheisteoirí ionchasacha a ndícheall cúí féin a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le gnéithe airgeadais agus aon ghné eile atá ábhartha dá gcinneadh i dtaobh infheistíocht a dhéanamh i dtionscadal.

Leagfar amach forléargas ar sheirbhísí comhairleacha poiblí ar an leibhéal náisiúnta. Na tionscadail a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, déanfaidh an Coimisiún iad a tharchur chuig na comhpháirtithe cur chun feidhme ábhartha. I gcás inarb iomchuí agus i gcás inarb ann do thionscnamh comhairleach, déanfaidh an Coimisiún na tionscadail sin a tharchur chuig Mol Comhairleach InvestEU freisin.

3. Scagadh an tionscadail

Is iad seirbhísí an Choimisiúin a thabharfaidh scagadh an tionscadail i gcrích ar bhonn na gcritéar iontrála a leagtar amach in Airteagal 2. Roinnt gnéithe teicniúla den phróiseas bailíochtaithe, amhail fíorú chéannacht na dtionscnóirí tionscadail, féadfar iad a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtithe. Iarrfar ar na Ballstáit pointe teagmhála amháin nó níos mó a cheapadh chun scagadh a dhéanamh ar thionscadail a bhfuil impleachtaí iarbhir agus díreacha slándála ag baint leo, go háirithe in earnálacha an spáis, na cosanta agus na cibearshlándála. Rachfar i gcomhairle leis an gCóras Luathbhraite agus Eisiamh (EDES) de réir mar is iomchuí.

Diúltófar faisnéis arna tíolacadh ag tionscnóirí a fhoilsiú más rud é go bhfuil an fhaisnéis míchruinn nó mura gcomhlíontar leis an tionscadal na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2.

Bainfead an fhaisnéis maidir le tionscadal de Thairseach InvestEU más rud é nach ndearna an tionscnóir tionscadail í a nuashonrú le 3 bliana.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/627 ÓN gCOIMISIÚN**an 15 Aibreán 2021****lena leagtar síos rialacha maidir le coinneáil agus rochtain na logaí sa Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) de bhun Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 73(3), an tríú fomhír, pointe (b)(iii) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/1240 bunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (“ETIAS”) i gcomhair náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa a bheith ina seilbh acu chun teacht isteach agus fanacht i gcríoch na mBallstát.
- (2) Is gá Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt agus a chur chun feidhme go teicniúil chun an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a oibriú. Beidh logaí sa chóras ina ndéantar taifead ar na hoibríochtaí próiseála sonraí uile a dhéantar.
- (3) Is gá rialacha a leagan síos maidir le logaí a choinneáil agus a rochtain. Níor cheart logaí a úsáid ach amháin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí próiseála sonraí a fhíorú agus chun sláine agus slándáil na sonraí pearsanta oibríochtúla a áirithiú.
- (4) Maidir le logaí a choinneáil, is gá sonrú a dhéanamh ar an suíomh ina bhfuil siad le stóráil, ar an tslí ina bhfuil siad le taifeadh go teicniúil, lena n-áirítear i gcás ina dtiocfaidh siad as comhphárteanna éagsúla den Chóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, chomh maith leis na rialacha is infheidhme maidir leis na logaí a scriosadh tar éis dheireadh a dtréimhse coinneála.
- (5) Maidir le logaí a rochtain, is gá na húdaráis inniúla a shonrú lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na daoine laistigh de na húdaráis sin ar cheart rochtain ar na logaí a dheonú dóibh agus na críocha ar chucu a fhéadfar rochtain a fháil orthu. D’fhonn a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla in ann a ndualgais a chomhlíonadh, ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar inghlacthacht na próiseála sonraí agus le slándáil agus sláine sonraí a áirithiú, ba cheart sainathint logaí a éascú trí bhíthin feidhm chuardaigh éifeachtach.
- (6) I dtaca le logaí ina dtaifeadtar rochtain ag foireann chúí-údaraithe na n-údarás náisiúnta i ngach Ballstát agus ag foireann chúí-údaraithe ghníomhaireachtaí an Aontais chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 13(4a) de Rialachán (AE) 2018/1240, ba cheart na logaí sin a choinneáil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/817.
- (7) Is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (“eu-LISA”) atá freagrach as céim dheartha agus forbartha Chórais Faisnéise ETIAS. Ba cheart go gcuirfeadh na bearta a leagtar síos leis an gCinneadh seo ar chumas eu-LISA dearadh ailtireacht fhisiceach an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil a shainiú, lena n-áirítear bonneagar cumarsáide agus sonraíochtaí teicniúla an chórais, agus ba cheart go gcuirfeadh na bearta céanna ar chumas eu-LISA an córas sin a fhorbairt. Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais na bearta sin a chur i gcrích de réir na Sonraíochtaí Teicniúla agus an Doiciméid um Rialú Comhéadain a bhaineann leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil.

⁽¹⁾ IOL 236, 19.9.2018, lch. 1.

- (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2018/1240 agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é, áfach, go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1240 le *acquis* Schengen, thug an Danmhairg fógra an 21 Nollaig 2018, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, maidir lena cinneadh Rialachán (AE) 2018/1240 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta.
- (9) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ⁽⁷⁾; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (10) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁸⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹⁰⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽¹¹⁾.
- (12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹²⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ⁽¹³⁾.
- (13) Maidir leis an gCipir, an Bhulgáir, an Rómáin agus an Chróit, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar bhealach eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.
- (14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 4 Meán Fómhair 2020.

⁽⁷⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

⁽⁸⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁹⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁽¹⁰⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽¹¹⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

⁽¹²⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽¹³⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a mhéid a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Theorainneacha Cliste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Logaí d'oibríochtaí próiseála sonraí a choinneáil

1. I dtaca le logaí na n-oibríochtaí próiseála sonraí uile laistigh de Chóras Faisnéise ETIAS atá le coinneáil i gcomhréir le hAirteagal 69(1) de Rialachán (AE) 2018/1240, lena n-áirítear logaí a bhaineann le rochtain ag iompróirí dá bhforáiltear in Airteagal 45(7), ag údarais teorann agus údarais inimirce dá bhforáiltear in Airteagal 69(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 agus ag na lárphointí rochtana dá bhforáiltear in Airteagal 70(1) de Rialachán (AE) 2018/1240, is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais a dhéanfaidh na logaí sin a thaifeadadh agus a stóráil i Lárchóras ETIAS.

2. Déanfar gach oibríocht próiseála sonraí laistigh de chóras faisnéise ETIAS a thaifeadadh mar iontráil loga ar leithligh.

Beidh réimse ar leith ag an iontráil loga lenar féidir na sonraí a bhaineann leis an oibríocht arna déanamh a shainithint.

3. Déanfar an iontráil loga a thaifeadadh le ham agus dáta gach oibríochta próiseála sonraí (“stampa ama”).

4. Stórálfar i ngach iontráil loga aitheantas uathúil an údarais chomh maith le haitheantas uathúil an oifigigh nó an bhaill foirne a dhéanann rochtain a fháil ar na sonraí atá stóráilte i Lárchóras ETIAS, nó a dhéanann na sonraí sin a leasú nó a léirsciosadh.

5. Sciosfaidh Lárchóras ETIAS iontrálacha loga ar bhonn laethúil i gcomhréir leis na tréimhsí coinneála dá bhforáiltear in Airteagal 45(7), Airteagal 69(4) agus Airteagal 70(4) de Rialachán (AE) 2018/1240.

Úsáidfear stampa ama ionas go sainaithneofar na hiontrálacha loga atá le scriosadh ag deireadh na tréimhse coinneála ábhartha le haghaidh gach cineál loga.

Airteagal 2

Rochtain ar logaí oibríochtaí próiseála sonraí

1. Beidh rochtain ar na logaí a choimeádann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais de bhun Rialachán (AE) 2018/1240 teoranta do na daoine seo a leanas:

(a) riarthóirí cuí-údaraithe ETIAS de chuid Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, agus Oifigeach Cosanta Sonraí chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 agus go háirithe chun comhlíonadh Airteagal 69(4) den Rialachán sin a áirithiú;

(b) foireann chuí-údaraithe agus Oifigeach Cosanta Sonraí na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta, chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 7(2)(e) agus 61 de Rialachán (AE) 2018/1240 agus chun dlíthiúlacht na próiseála sonraí, na sláine sonraí agus na slándála a áirithiú;

(c) foireann chuí-údaraithe agus Oifigigh Cosanta Sonraí ó Aonaid Náisiúnta ETIAS, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 57(2).

2. An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdarais mhaoirseachta náisiúnta inniúla a bhfuil na feidhmeanna maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 66 agus 67 de Rialachán (AE) 2018/1240 á gcur i gcrích acu, beidh rochtain acu ar na logaí arna iarraidh sin ar eu-LISA nó ar Aonaid Náisiúnta ETIAS.

3. Beifear in ann na hiontrálacha loga agus na réimsí sonracha atá taifeadta i Lárchóras ETIAS, i gcomhréir le hAirteagal 1, a chuardach trí thagairt a dhéanamh, ar a laghad, don údar, do dháta na rochtana nó do chineál na hoibríochta próiseála.

4. Chun críocha Airteagal 45(5) agus (7) de Rialachán (AE) 2018/1240, maidir leis na logaí sin is gá chun díospóid a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Airteagail sin a réiteach, féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais na logaí sin a tharchur chuig Aonaid Náisiúnta ETIAS ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gur chuir an tAonad Náisiúnta ETIAS lena mbaineann iarraidh shainráite réasúnaithe ar na logaí sin faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta ina cháil mar rialaitheoir sonraí de réir bhri na chéad abairte d'Airteagal 57(1) den Rialachán sin.
- (b) go ndearna an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta an iarraidh a fhíorú agus a fhorfhéas.

5. Beidh logaí lena dtaifeadtar rochtain ar na logaí dá dtagraítear i mír 1 inrianaithe ar a laghad de réir an údair nó de réir an dáta rochtana.

6. Beidh logaí lena dtaifeadtar rochtain ar na logaí dá dtagraítear i mír 1 inchuadaithe ar a laghad trí thagairt a dhéanamh don údar, do dháta na rochtana nó do chineál na hoibríochta próiseála.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)